



# Measúnacht Dhréachtaithe Tionchair Comhionannais le haghaidh Comhairliúcháin Phoiblí Samhain 2021



# Clár na nÁbhar

|                                                                                        |           |
|----------------------------------------------------------------------------------------|-----------|
| <b>ACHOIMRE FEIDHMEANNACH</b>                                                          | <b>4</b>  |
| <b>RÉAMHRÁ</b>                                                                         | <b>5</b>  |
| <b>ACHOIMRE AR ÁBHAIR AN BHEARTAIS</b>                                                 | <b>6</b>  |
| <b>SONRAÍ INFHAIGHTE A MHEAS</b>                                                       | <b>9</b>  |
| TEAGMHÁIL LE PÁIRTITHE LEASMHARA                                                       | 10        |
| <i>Sreabhchairt PRISMA don Teagmháil le Páirtithe Leasmhara</i>                        | 11        |
| <i>Teagmháil Chéim I (Nollaig 2020 – Feabhra 2021)</i>                                 | 11        |
| <i>Athbhreithnithe i dtaca le Dréachtbheartas i ndiaidh Teagmhála Chéim I</i>          | 12        |
| <i>Tábla I: Torthaí ó Luath-theagmháil le Páirtithe Leasmhara mar chuid de Chéim I</i> | 13        |
| <i>Teagmháil Chéim II (Meitheamh – Iúil 2021)</i>                                      | 14        |
| <i>Tábla II</i>                                                                        | 15        |
| <i>Torthaí ón Luath-theagmháil le Páirtithe Leasmhara mar chuid de Chéim II</i>        | 15        |
| <i>Rannpháirtíocht Phearsanta agus Phoiblí</i>                                         | 16        |
| <i>Léargais Cháilíochtúla ó Theagmhálacha</i>                                          | 17        |
| <i>Bearta a Glacadh chun Tacú leis an Inrochtaineacht</i>                              | 17        |
| TAIGHDE                                                                                | 18        |
| SONRAÍ EILE                                                                            | 18        |
| <b>MEASÚNÚ AR THIONCHAR</b>                                                            | <b>19</b> |
| CREIDEAMH                                                                              | 19        |
| <i>Faisnéis Infhaighte</i>                                                             | 19        |
| <i>Measúnú ar Thionchar</i>                                                            | 19        |
| <i>Cothromaíocht Deiseanna</i>                                                         | 20        |
| TUAIRIM PHOLAITIÚIL                                                                    | 20        |
| <i>Faisnéis Infhaighte</i>                                                             | 20        |
| <i>Measúnú ar Thionchar</i>                                                            | 21        |
| <i>Cur Chun Cinn na Cothromaíochta Deiseanna</i>                                       | 21        |
| GRÚPA CINE                                                                             | 21        |
| <i>Faisnéis Infhaighte</i>                                                             | 21        |
| <i>Measúnú ar Thionchar</i>                                                            | 23        |
| <i>Cur Chun Cinn na Cothromaíochta Deiseanna</i>                                       | 23        |
| AOIS                                                                                   | 24        |
| <i>Faisnéis Infhaighte</i>                                                             | 24        |
| <i>Measúnú ar Thionchar</i>                                                            | 25        |
| <i>Maoluithe/Bearta Mhalartacha</i>                                                    | 26        |
| <i>Cur Chun Cinn na Cothromaíochta Deiseanna</i>                                       | 26        |
| STÁDAS PÓSTA                                                                           | 27        |

|                                                                 |    |
|-----------------------------------------------------------------|----|
| <i>Faisnéis Infhaighte</i>                                      | 27 |
| <i>Measúnú ar Thionchar</i>                                     | 27 |
| <i>Cur Chun Cinn na Cothromaíochta Deiseanna – Stádas Pósta</i> | 27 |
| <b>GNÉASCHLAONADH</b>                                           | 27 |
| <i>Faisnéis Infhaighte</i>                                      | 27 |
| <i>Measúnú ar Thionchar</i>                                     | 28 |
| <i>Cur Chun Cinn na Cothromaíochta Deiseanna</i>                | 29 |
| <b>INSCNE</b>                                                   | 29 |
| <i>Faisnéis Infhaighte</i>                                      | 29 |
| <i>Measúnú ar Thionchar</i>                                     | 29 |
| <i>Cur Chun Cinn na Cothromaíochta Deiseanna</i>                | 30 |
| <b>MÍCHUMAS</b>                                                 | 30 |
| <i>Faisnéis Infhaighte</i>                                      | 30 |
| <i>Measúnú ar Thionchar</i>                                     | 31 |
| <i>Cur Chun Cinn na Cothromaíochta Deiseanna</i>                | 32 |
| <b>CLEITHIÚNAITHE</b>                                           | 33 |
| <i>Faisnéis Infhaighte</i>                                      | 33 |
| <i>Measúnú ar Thionchar</i>                                     | 34 |
| <i>Cur Chun Cinn na Cothromaíochta Deiseanna</i>                | 34 |
| <b>FÉINIÚLACHTAÍ IOMADÚLA</b>                                   | 34 |
| <i>Faisnéis Infhaighte</i>                                      | 34 |
| <i>Measúnú ar Thionchar</i>                                     | 34 |
| <i>Cur Chun Cinn na Cothromaíochta Deiseanna</i>                | 35 |
| <b>CEARTA AN DUINE</b>                                          | 36 |
| <b>DEA-CHADRIMH</b>                                             | 37 |
| <b>CONCLÚID</b>                                                 | 37 |
| <b>MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ AR SHOCRUITHE</b>           | 38 |
| <i>Monatóireacht Mholta</i>                                     | 38 |
| <i>Comhdhearadh/Comhléiriú</i>                                  | 38 |
| <i>Creatlach Ábaltachtaí don Réamhphleanáil Chúraim</i>         | 38 |

## Achoimre Feidhmeannach

Tá forbairt déanta ag An Roinn Sláinte ar beartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim d'aosaigh (iad siúd a bhfuil 18 mbliana slánaithe acu nó níos síne) i dTuaisceart Éireann.

Is ionann An Réamhphleanáil Chúraim agus scáth-théarma lena gclúdaítear an pleanáil phearsanta, chliniciúil, dhleathach agus airgeadais. Cuireann sé ar chumas an duine machnamh a dhéanamh faoina bhfuil tábhachtach dó agus plean a dhéanamh i gcomhair na todhchaí. Próiseas deonach atá ann agus cuidíonn sé le duine chun mianta, mothúcháin, creidimh agus luachanna seo aige féin a chur in iúl agus chun cinntí a dhéanamh a thagann leo sin. Próiseas leantach atá sa Réamhphleanáil Chúraim ina bhfuil comhráite idir an duine, na daoine atá tábhachtach dó<sup>1</sup> agus na daoine atá ag soláthar cúraim, tacaíochta agus cóireála dó<sup>2</sup>. Ba chóir go mbeadh An Réamhphleanáil Chúraim mar ghné thábhachtach de shaol an uile dhuine fásta.

Rinneadh an beartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim a fhorbairt d'fhonn tacú le duine ionas go mbeidh rogha níos leithne aige i leith cinntí, lena n-áirítear pleananna le haghaidh a chúraim agus a chóireála féin amach anseo. Tá an-tábhacht ag baint leis sin má tharlaíonn nach bhfuil an duine ábalta na cinntí ábhartha a dhéanamh a thuilleadh.

Tríd an Réamhphleanáil Chúraim soláthraítear an deis d'aosaigh ar mian leo na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Machnamh a dhéanamh faoina bhfuil tábhachtach dóibh;
- Comhrá a bheith acu leis na daoine atá tábhachtach dóibh;
- An scéal a phlé leo siúd a chuireann cúram, tacaíocht agus cóireáil ar fáil;
- É a scríobh síos agus a chomhroinnt;
- Machnamh a dhéanamh arís ar na comhráite agus na cinnte, athruithe a dhéanamh agus iad a chomhroinnt athuair.

Tá luachanna agus prionsabail, lena dtugtar meas do chearta agus do dhínit an duine agus lena ndearbhaítear iad, mar bhonn faoin bheartas seo agus cuimsítear an uile aosach os cionn 18 mbliana d'aois. Is é cur chuige eiticíúil bunaithe ar chearta a sholáthróidh sé i leith na Réamhphleanála Cúraim d'aosaigh a thagann le reachtaíocht atá ann cheana, leis an dea-chleachtas agus le treoir agus caighdeán ghairmiúla.

Roimhe seo, cheaptaí go raibh ceangal ann idir an Réamhphleanáil Chúraim, an cúram deiridh saoil agus an cúram maolaitheach, é sin nó cheaptaí nár bhain sí ach le seandaoine. Tá sé mar sprioc ag an bheartas seo creatlach a chur ar fáil faoi choinne na Réamhphleanála Cúraim lena gcuimseofar an uile aosach atá 18 mbliana d'aois nó níos sine.

---

<sup>1</sup> Iad siúd atá tábhachtach don duine: D'fheadfaí go n-áireofaí an teaghlach, an lucht cúraim nó daoine eile ar aithne don duine, a bhfuil dáimh acu leis nó a bhfuil gean acu air. D'fheadfadh siad a bheith nasctha le chéile mar gheall ar chaidreamh pearsanta, dleathach, cultúrtha nó mothúchánach.

<sup>2</sup> Leis sin áirítear daoine atá ag obair mar chuid den phobal agus san earnáil dheonach agus baill foirne eile atá ag obair sna seirbhísí reachtúla i gcomhair sláinte agus cúraim sláinte.

Tá an bunús atá le raon an bheartais lena n-aghaidh siúd atá 18 mbliana d'aois nó níos sine bunaithe ar phrionsabail eiticiúla na comhréireachta agus ar bhreithniúchán maidir le gnéithe dlíthiúla ina léirítear athrú sa tsoláthar dóibh siúd atá faoi 18 mbliana d'aois agus dóibh siúd atá 18 mbliana d'aois nó níos sine.

Tá gnéithe dlíthiúla atá mar bhonn faoin bheartas seo nach infheidhme dóibh siúd atá faoi 18 mbliana d'aois. Anuas air sin, aithnítear go bhfuil difear suntasach ag baint le riachtanais na ndaoine atá faoi 18 mbliana d'aois agus go dteastaíonn cur chuige saincheaptha uathu.

Tugtar breac-chuntas ar shocruithe malartacha le haghaidh páistí agus daoine óga a bhfuil riachtanais chúraim mhaolaithigh orthu sa Straitéis "Providing High Quality Palliative Care for Our Children"<sup>3</sup>

Tríd an tástáil Tionchair Comhionannais níor aithníodh aon tionchar diúltach a rabhthas ag súil leis maidir le haon cheann de na catagóirí a bhaineann le Mír 75 agus níor aithníodh aon tionchar diúltach suntasach maidir le cearta an duine.

Táthar ag súil leis go mbeidh tionchar mór dearfach ag an bheartas agus ag a fheidhmiú i dtaca le creatlach a sholáthar chun tacú le cur chuige comhtháite réigiúnach i leith na Réamhphleanála Cúraim d'aosaigh atá 18 mbliana d'aois nó níos sine.

## Réamhrá

De réir Mhír 75 (1) den Acht um Thuaisceart Éireann 1998 ceanglaítear ar údaráis phoiblí, agus iad ag tabhairt faoina bhfeidhmeanna i dtaca le Tuaisceart Éireann, aird faoi leith a bheith acu don ghá atá le cothromaíocht deiseanna a chur chun cinn idir daoine aonair agus grúpaí sainaitheanta, is iad sin:

- idir daoine a bhfuil creidimh éagsúla acu;
- idir daoine a bhfuil tuairimí éagsúla polaitíochta acu;
- idir daoine as grúpaí éagsúla cine;
- idir daoine d'aoiseanna éagsúla;
- idir daoine a bhfuil stádais éagsúla phósta acu;
- idir daoine a bhfuil gnéaschlaonta éagsúla acu;
- idir fir agus mná i gcoitinne;
- idir daoine a bhfuil míchumas acu agus daoine nach bhfuil; agus
- idir daoine a bhfuil cleithiúnaithe acu agus daoine nach bhfuil.

Leis an reachtaíocht ceanglaítear ar údaráis phoiblí tabhairt faoi mheasúnacht tionchair comhionannais (MTC<sup>4</sup>) i gcásanna inar dócha go mbeidh tionchar suntasach nó 'mór' ag reachtaíocht bheartaithe ar cothromaíocht deiseanna.

D'fhéadfaí go n-áireofaí na nithe seo a leanas mar thionchar 'mór':

<sup>3</sup> An Roinn Sláinte, Providing High Quality Palliative Care for Our Children: A Strategy for Children's Palliative and End of Life Care 2016 – 26

<sup>4</sup> Is é atá sa MTC ná anailís chuimsitheach chórasach ar bheartas lena dheimhniú méid an tionchair dhifreálaigh ar na grúpaí ábhartha agus dá réir sin cé acu a bhfuil nó nach bhfuil an tionchar sin dochrach.

- Cásanna a bhfuil baint mhór ag an bheartas le cur chun cinn na cothromaíochta deiseanna;
- Cásanna ina bhfuil tionchar ar lear mór daoine aige;
- Cásanna ina bhfuil tionchar ar níos lú daoine ach ina dócha go mbeidh tionchar suntasach aige orthu; nó
- Cásanna ina bhfuil beartas straitéiseach aige nó buiséad suntasach ceangailte leis.

Tá an Mheasúnacht Tionchair Comhionannais seo forbartha ag an Roinn i bhfianaise go gcuimseofar faoi raon an bheartais an uile aosach i dTuaisceart Éireann atá 18 mbliana d'aois nó níos sine ar an ábhar go mbeidh tionchar aige ar lear mór daoine.

Is é cuspóir an MTC measúnú a dhéanamh ar aon tionchar difreálach féideartha (dearfach nó diúltach) a d'fhéadfaí a bheith ag grúpaí a bhaineann le Mhír 75 mar gheall ar An Bheartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim d'Aosaigh agus chun bearta maolaithe a mholtar a mhionsonrú mar is iomchuí.

Leis an MTC soláthraítear deis tuairimí a nochtadh, ar mhaithe le haon tionchair nach bhfuil súil leo a aithint agus tuilleadh faisnéise a bhailiú.

In Aguisín I agus II gheofar ceisteanna na Measúnachta Tionchair Comhionannais agus sonraí faoin dóigh ar féidir í a fhreagairt.

## **Achoimre ar Ábhair an Bheartais**

Is ionann An Réamhphleanáil Chúraim agus scáth-théarma lena gclúdaítear an planáil phearsanta, chliniciúil, dhleathach agus airgeadais. Cuireann sé ar chumas an duine machnamh a dhéanamh faoina bhfuil tábhachtach dó agus plan a dhéanamh i gcomhair na todhchaí. Próiseas deonach atá ann agus cuidíonn sé le duine chun mianta, mothúcháin, creidimh agus luachanna seo aige féin a chur in iúl agus chun cinntí a dhéanamh a thagann leo sin. Próiseas leantach atá sa Réamhphleanáil Chúraim ina bhfuil comhráite idir an duine, na daoine atá tábhachtach dó agus na daoine atá ag soláthar cúraim, tacaíochta agus cóireála dó.

Leis An Réamhphleanáil Chúraim tugtar tacaíocht do dhuine ionas go mbeidh rogha níos leithne aige i leith cinntí, lena n-áirítear pleananna le haghaidh a chúraim agus a chóireála féin amach anseo. Tá an-tábhacht ag baint leis sin má tharlaíonn nach bhfuil an duine ábalta na cinntí ábhartha a dhéanamh a thuilleadh.

Is mar seo a leanas atá uailmhian an bheartais seo agus an dóigh a gcuirfear i bhfeidhm é:

- Normalú a dhéanamh ar chomhráite maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim;
- Deiseanna rialta a bheith ag an uile aosach i dTuaisceart Éireann chun a mhianta, a mhothúcháin, a chreidimh agus a luachanna a chur in iúl maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim; agus
- Go ndéantar iad sin ar fad a léiriú mar chuid den chúram, den tacaíocht nó den chóireáil a fhaigheann sé.

## Cuspóir an Bheartais

Beidh sé mar phríomhchuspóir ag an bheartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim teachtaireachtaí soiléire comhsheasmhacha agus cleachtas dóibh siúd atá ag soláthar cúraim, tacaíochta nó cóireála a chur chun tosaigh. Leis an bheartas déanfar iarracht feasacht agus tuiscint an phobail a ardú maidir le cad é atá sa Réamhphleanáil Chúraim, agus spreagfar aosaigh d'aois ar bith nó ag staid ar bith dá saol measúnú agus réamhphleanáil a dhéanamh don todhchaí. Ba chóir go mbeadh An Réamhphleanáil Chúraim mar ghné thábhachtach de shaol an uile dhuine fásta.


## Mionsonraí an Bheartais

Cuimseofar gach aosach atá 18 mbliana d'aois nó níos sine faoi raon an bheartais. I measc na bpáirtithe leasmhara áirítear an mórfhobal, foireann, úsáideoirí seirbhíse, eagrais eile san earnáil phoiblí, eagraíochtaí san earnáil dheonach/phobail agus ceardchumann.

Leis an bheartas tacófar le clár oibre lena n-áirítear na nithe seo a leanas:


- Seoladh Teachtaireachtaí Poiblí
- Oiliúint agus oideachas,
- Próiseas feidhmithe
- Torthaí agus athbhreithniú

Fíor I: Clár Oibre don Réamhphleanáil Chúraim



Cé gurb iad na gnéithe sin a bhaineann leis an tsláinte agus leis an chúram sóisialta den Réamhphleanáil Chúraim is príomhfhócas don bheartas, mar thoradh ar aiseolas a fuarthas, cuimsítear forléargas gairid ar ghnéithe níos leithne den Réamhphleanáil Chúraim laistigh de raon an bheartais, mar atá uacht a dhéanamh, cuntais ar líne agus mianta maidir le socruithe sochraide.

Tá samhail don Réamhphleanáil Chúraim mar bhonn faoin bheartas lena n-aithnítear ceithre ghné den Réamhphleanáil Chúraim. Is iadsan na gnéithe pearsanta, dlíthiúil, cliniciúil agus airgeadais. I ngach gné tá gné amháin nó níos mó ann.



Sa bheartas seo cuimsítear míreanna maidir leis na nithe seo a leanas:

- Uaillmhian an Bheartais
- Cad é atá sa Réamhphleanáil Chúraim?
- An Réamhphleanáil Chúraim agus Cumas Meabhrach
- Luachanna agus Prionsabail na Réamhphleanála Chúraim
- Cad chuige a bhfuil tábhacht ag baint le comhráite faoin Réamhphleanáil Chúraim?
- Cá huair agus cá háit ar chóir go ndéanfaí an Réamhphleanáil Chúraim?
- Bí ag caint faoin Réamhphleanáil Chúraim le rún daingean
  - Na 'Sé Rud is Tábhachtaí' sa chumarsáid mhaith i gcomhráite maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim
- Comhráite, moltaí agus cinntí faoin Réamhphleanáil Chúraim a chomhroinnt
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chomhráite, moltaí agus cinntí faoin Réamhphleanáil Chúraim



- An dóigh a n-úsáidtear comhráite faoin Réamhphleanáil Chúraim
- Gnéithe den Réamhphleanáil Chúraim
  - Gné Phearsanta den Réamhphleanáil Chúraim
    - “Na rudaí atá tábhachtach domsa” – Mianta, Mothúcháin, Creidimh agus Luachanna
    - An Spioradáltacht
    - Cúram agus tacaíocht do Chleithiúnaithe
    - Mianta i gcomhair na Sochraide
    - Cuntais ar líne
  - Gné Dhlíthiúil den Réamhphleanáil Chúraim
    - Gnéithe lena Meas i dtaca le Cumas Meabhrach
    - Cineálacha Cumhachta Aturnae
      - Cumhacht Seasmhach Aturnae
      - Cumhacht Marthanach Aturnae
    - Réamhchinntí chun Cóireáil a Dhiúltú (RCCD)
  - Gné na Sláinte den Réamhphleanáil Chúraim
    - Meath Sláinte agus Éigeandálaí gan Choinne
      - Moltaí Cliniciúla le haghaidh na hAthbheochana Cardascamhógaí
      - Cinntí ar mhaithe le Leas an Duine
      - Plean Achomair Molta le i gcomhair Cúraim agus Cóireála Éigeandála (ReSPECT)
    - Deonú Orgáin
    - Deonú Coirp ar mhaithe le hEolaíocht Leighis
  - Gné Airgeadais den Réamhphleanáil Chúraim
    - Uacht a dhéanamh

## Sonraí Infhaighte a Mheas

Tá faisnéis atá ar fáil tiomsaithe agus measta ag Foireann an Chláir don Réamhphleanáil Chúraim chun measúnú a dhéanamh ar aon tionchar féideartha a d’fhéadfadh a bheith ag an bheartas seo ar Ghrúpaí a bhaineann le Mír 75. Ina measc sin áirítear sonraí atá ar fáil don phobal, mar aon le sonraí a bailíodh agus léargais a tiomsaíodh le linn teagmhála le daoine ó réimse leathan de chúlraí lena n-áirítear ionadaíocht ó eagrais san earnáil phoiblí eagraíochtaí sna hearnálacha pobail agus deonacha, gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta, cúramóirí, úsáideoirí seirbhíse, baill an phobail a bhfuil suim acu ann, comhlachtaí gairmiúla agus ceardchumann.

## Teagmháil le Páirtithe Leasmhara

Cuireadh tús le próiseas luath-theagmhála i mí na Nollag 2020 agus tá sé ag dul ar aghaidh ó shin chun cur leis an fhorbairt atriach atáthar a dhéanamh don dréachtbheartas roimh an chomhairliúchán phoiblí. Reáchtáladh an teagmháil sin ar bhonn phrionsabail na hionchuimsitheachta agus na hinrochtaineachta. Rinneadh gach iarracht réimse leathan daoine a shroicheadh agus teagmháil a dhéanamh leo chun tacú le rannpháirtíocht ghníomhach na bpáirtithe leasmhara ar fad i gcruthú fhorbairt an bheartais, lena n-áirítear iad siúd ó ghrúpaí a bhaineann le Mír 75.

Ag tús an phróisis sin, rinneadh cleachtais cuimsitheach léarscáilithe páirtithe leasmhara a reáchtáil chun rannpháirtíocht ionadaíoch a aithint agus a dheimhniú thar na catagóirí ar fad a bhaineann le Mír 75. Tá an léarscáil páirtithe leasmhara á coinneáil faoi athbhreithniú leanúnach le linn an phróisis go nuige seo agus rinneadh í a fhorbairt dá réir.


Sa tábla thíos léirítear miondealú na n-eagras a áirítear sa léarscáil páirtithe leasmhara thar na catagóirí a bhaineann le Mír 75 i gcásanna ina dtagann raon an eagrais le sainghrúpa nó sainghrúpaí comhionannais<sup>5</sup>.

| <b>Sainghrúpa Comhionannais a bhaineann le Mír 75</b>                           | <b>Líon na n-eagraíochtaí a áirítear sa léarscáil páirtithe leasmhara</b> |
|---------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------|
| Inscne                                                                          | 28                                                                        |
| Creideamh                                                                       | 46                                                                        |
| Tuairim Pholaitiúil                                                             | 19                                                                        |
| Grúpa Cine                                                                      | 41                                                                        |
| Aois                                                                            | 56                                                                        |
| Stádas Pósta                                                                    | 26                                                                        |
| Gnéaschlaonadh                                                                  | 20                                                                        |
| Míchumas (iad siúd a bhfuil míchumas acu agus iad siúd nach bhfuil)             | 77                                                                        |
| Cleithiúnaithe (iad siúd a bhfuil cleithiúnaithe acu agus iad siúd nach bhfuil) | 49                                                                        |
| <b>IOMLÁN</b>                                                                   | <b>362</b>                                                                |

Go nuige seo, bhí dhá thréimhse luath-theagmhála ann i dteannta le páirtithe leasmhara. Sa tsreabhchairt thíos tugtar achoimre gníomhaíocht na Teagmhála le Páirtithe Leasmhara.

<sup>5</sup> Agus é seo á scríobh, áirítear 99 n-eagras breise ar an léarscáil páirtithe leasmhara nach bhfuil baint shonrach nó shoiléir acu le sainghrúpa comhionannais ar bith a bhaineann le Mír 75.

## Sreabhchairt PRISMA don Teagmháil le Páirtithe Leasmhara



\* Meastachán atá san uimhir sin atá bunaithe ar fhigiúirí freastail dóibh siúd a chláraigh, ach lamháil a dhéanamh i leith logáil isteach chomhroinnte agus dhéanach, nár taifeadadh ar an chóras.

### Teagmháil Chéim I (Nollaig 2020 – Feabhra 2021)

Le linn Chéim I, reáchtáil foireann an chláir maidir leis an Réamhphleanáil Cúraim 40 seisiún teagmhála ar ghlac 226 duine páirt iontu lena n-áirítear ionadaithe ó réimse leathan d'earnálacha agus d'eagrais le cois daoine aonair a raibh spéis acu inti. Anuas air sin, fuarthas 31 freagairt scríofa, rud a d'fhág gurb é 257 líon iomlán na rannpháirtí do Chéim I.

Iarradh ar na rannpháirtithe sna seisiúin sin tráchttaireacht a dhéanamh maidir le dréacht tosaigh na cáipéisí beartais, rud a treoraíodh le cúig cheist.

1. Cad é do thuairim/thráchttaireacht fhoriomlán i leith an dréachta?
2. Cad iad na rudaí sa cháipéis a thaitníonn leat agus cad é atá in easnamh dar leat?
3. Cad iad na huailmhianta atá agat i gcomhair na Réamhphleanála Cúraim agus/nó an bheartais seo?
4. Cad iad na húdair buartha/imní atá agat i gcomhair na Réamhphleanála Cúraim agus/nó an Bheartais seo i dtaca leis an Réamhphleanáil Chúraim?
5. Tuairimí ar bith eile?

Mar gheall ar shrianta a bhaineann le COVID -19, reáchtáladh na seisiúin go fíorúil tríd an ardán Zoom, agus seoladh cuirí do líon bheag rannpháirtithe chuig gach seisiún. Roimh thús gach seisiúin, tugadh paca faisnéise do na rannpháirtithe lenar áiríodh: clár oibre, dréacht reatha an bheartais i dtaca leis an Réamhphleanáil Chúraim an t-am sin, agus na cúig cheist a bheadh in úsáid le linn na díospóireachta éascaithe.

De réir an sceidil bhí gach seisiún in ainm maireachtáil ar feadh 90 bomaite. Cuireadh socruithe inrochtaineachta i bhfeidhm de réir mar ba ghá leo, lena n-áirítear mar shampla, seisiún níos faide i gcás a raibh sé sin fóirsteanach agus ateangaireacht i dTeanga Chomharthaíochta na Breataine (TCB)/i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) mar is gá. Rinneadh gach seisiún a thaifeadadh le cead ó rannpháirtithe, agus breacadh síos tráchttaireachtaí agus aiseolas a fuarthas, a ndéanfar iad a chatagóiriú ar mhaithe le hanailís. Briseadh síos na rannpháirtithe de réir inscne i gCéim I ná 25% fireann agus 75% boireann a bheag nó a mhór.

### **Athbhreithnithe i dtaca le Dréachtbheartas i ndiaidh Teagmhála Chéim I**

I ndiaidh na teagmhála Chéim I, rinneadh an t-aiseolas ar fad a anailísiú agus a mheas d'fhonn cur le dara dréacht athbhreithnithe den cháipéis bheartais. I bhfianaise an aiseolais a fuarthas, rinneadh athbhreithniú ar an dréacht tosaigh den cháipéis bheartais i dtaca leis an Réamhphleanáil Chúraim thar roinnt réimsí roimh theagmháil bhreise i gCéim II. Féach Tábla I thíos le haghaidh sonraí.

Le linn Chéim I, mhol roinnt páirtithe leasmhara go gcuirfí “Luachanna” isteach sa mhír atá ann cheana a bhaineann le “Prionsabail”. Sa mhír seo tugtar achoimre ar na caighdeáin eitice agus idéil atá mar bhonn faoin bheartas lena n-áirítear: ceisteanna maidir le Cearta an Duine, comhionannas, rogha aonair dírithe ar an duine, dínit, toiliú, rúndacht, inrochtaineacht, íogaireacht agus comhbhá.

Lena chois sin, mar thoradh ar aiseolas a fuarthas ó theagmháil Chéim I agus ar chríochnú staidéir indéantachta dá éis, thángthas ar chomhaontú go gcuimseofar úsáid an fhoirm ReSPECT<sup>6</sup> (*Plean Achomair Molta le i gcomhair Cúraim agus Cóireála Éigeandála*) chun

---

<sup>6</sup> <https://www.resus.org.uk/respect>

moltaí sainoiriúnaithe a thaifeadadh do chúram agus do chóireáil an duine amach anseo - leis an fhoirm ReSPECT tabharfar treoir agus comhairle dóibh siúd atá ag soláthar cúraim, tacaíochta agus cóireála nuair nach bhfuil duine ábalta cinntí a dhéanamh nó a mhianta, a mhothúcháin, a chreideamh agus a luachanna a chur in iúl.

Is é a bheidh san fhoirm ReSPECT ná an fhoirm réigiúnach le haghaidh moltaí maidir le cúram éigeandála agus cóireáil a thaifeadadh, lena n-áirítear an athbheochan chardascamhógach, agus ní bhainfear leas as foirmeacha Ná Triail an Athbheochan Chardascamhógach (DNACPR) a thuilleadh. Beidh an fhoirm ReSPECT i seilbh an duine féin.

**Tábla I: Torthaí ó Luath-theagmháil le Páirtithe Leasmhara mar chuid de Chéim I**

| <b>Céim I - An méid a bhí le rá ag na Páirtithe Leasmhara:</b>                                                       | <b>Gníomhaíochtaí a glacadh mar chuid d'athdhréachtú an bheartais roimh Chéim II:</b>                                                                                                                       |
|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Cuspóir an bheartais a shoiléiriú                                                                                    | Neartú chuspóir an bheartais sa réamhrá.                                                                                                                                                                    |
| Inrochtaineacht agus ionchuimsitheacht a mhéadú                                                                      | Inrochtaineacht agus ionchuimsitheacht curtha leis mar dhá luach faoi leith agus léireofar in uile ghné na hoibre seo iad.                                                                                  |
| Déan athbhreithniú ar an teanga d'fhonn í a dhéanamh níos ionchuimsithí.                                             | Athbhreithniú ar an teanga a mbaintear leas as sa dréacht tosaigh den cháipéis bheartais ó "is cuma cé acu" chuig "lena n-áirítear" maidir leis na catagóirí a bhaineann le Mír 75.                         |
| An gá atá le tacú leis an Réamhphleanáil Chúraim a normalú                                                           | Cuireadh Normalú na Réamhphleanála Cúraim leis mar "uaillmhian".                                                                                                                                            |
| An gá atá ann le mír maidir le hathrú iompraíochta a chur san áireamh                                                | Cuireadh mír maidir le "hathrú iompraíochta" leis.                                                                                                                                                          |
| Cuir mír isteach faoi "Luachanna"                                                                                    | Cuireadh "Luachanna" isteach leis an mhír faoi "Phrionsabail" sa cháipéis bheartais.                                                                                                                        |
| Cuir béim ar an ghné sin den Réamhphleanáil Chúraim atá bainteach le Cearta an Duine agus le hEitic                  | Luadh go sonrach an cur chuige atá bunaithe ar Chearta an Duine agus ar Eitic i dtaca leis an Réamhphleanáil Chúraim                                                                                        |
| Déan an raon a leathnú amach ionas go gcuimseofar gnéithe den Réamhphleanáil Chúraim nach mbaineann leis an tsláinte | Cuireadh gnéithe breise isteach diomaite de ghnéithe atá bainteach leis an tsláinte m.sh. uacht a dhéanamh, mianta maidir le socruithe sochraide, cuntais ar líne, deonú an choirp d'eolaíocht leighis srl. |
| Breis mionsonraí maidir le cumas meabhrach agus                                                                      | Cuireadh isteach tuilleadh mionsonraí faoin acmhainn mheabhrach agus faoin dóigh a nasctar í leis an                                                                                                        |

<sup>6</sup> <https://www.resus.org.uk/respect>

|                                                                          |                                                                                                                                           |
|--------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Cumhacht Aturnae                                                         | Réamhphleanáil Chúraim.                                                                                                                   |
| Soiléire breise maidir le cinntí i dtaca le hathbheochan.                | Cuireadh isteach mír faoi mheath sláinte agus faoi éigeandálaí gan choinne, ReSPECT san áireamh. <sup>5</sup>                             |
| Tabhair níos mó mionsonraí faoin dóigh a gcuirfean an beartas i bhfeidhm | Rinneadh an t-aiseolas a thaifeadadh ar mhaithe lena úsáid chun na cáipéisí oibríochta a fhorbairt.                                       |
| Bain úsáid as léaráidí chun rudaí a léiriú                               | Forbraíodh léaráid de mhúnla gnéithe den Réamhphleanáil Chúraim agus táblaí a úsáidtear chun faisnéise a chur i láthair nuair is iomchuí. |

## Teagmháil Chéim II (Meitheamh – Iúil 2021)

Bhí an dréacht leasaithe den cháipéis bheartais faoi réir ag grinnschrúdú breise ó pháirtithe leasmhara le linn Chéim II den teagmháil le páirtithe leasmhara. Mar chuid den chéim sin, reáchtáladh sraith de chúig imeacht teagmhála ar líne trí sheimineáir ghréasáin Zoom. Seoladh cuirí do na himeachtaí sin chucu siúd go léir a liostaíodh ar léarscáil na bpáirtithe leasmhara, agus iarradh orthu clárú. Tugadh cóip den dréacht leasaithe den bheartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim dóibh siúd a chláraigh, lena n-áirítear leagan i bhformáid infhaighte ar mhaithe lena mheas roimh an imeacht. Sa litir chuiridh áiríodh na téamaí fosta a bheifí á gcíoradh le linn an tseisiúin seimineáir ghréasáin agus treoracha faoin dóigh ar féidir páirt a ghlacadh ann.

Bhí 461 litir chuiridh san iomlán seolta toisc na léarscáile ‘beo’ páirtithe leasmhara. Reáchtáladh trí cinn de na himeachtaí i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile, mar atá: Comhairle Thuaisceart Éireann um Ghníomhaíocht Dheonach (CTÉGD), Healthy Living Centre Alliance (HLC Alliance) agus Northern Ireland Health Care Leaders Forum. Chuir na heagraíochtaí sin, i gcomhluadar leis an Lónra Forbartha Pobail agus Sláinte (LFPS), fógraíocht bhreise ar fáil do lucht spéise faoi choinne na gcúig imeacht ar fad. Cuireadh eolas ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Sláinte maidir leis an dóigh chun clárú le haghaidh na n-imeachtaí.

Lean na himeachtaí seimineáir ghréasáin formáid struchtúrtha le sraith cur i láthair gairid maidir le gnéithe den dréacht leasaithe den bheartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim agus ceistanna fite fuaite leis. Tosaíodh le forléargas ar an phróiseas go dtí sin, agus lean na taispeántais ar aghaidh agus tugadh breac-chuntas ar limistéir áirithe ina ndearnadh athbhreithniú ar an bhun-dréachtbheartas mar thoradh ar aiseolas a fuarthas ó theagmháil le Páirtithe Leasmhara le linn Chéim I. Tar éis gach cur i láthair bhí sraith ceistanna ann agus iarradh ar an lucht freastail freagairt trí Mentimeter. Bhí 21 cheist curtha le linn gach seisiúin a mhair 90 bomaite. Chun inrochtaineacht a dheimhniú, bhí cóip na gceistanna ar fáil fosta mar cháipéis Word do dhuine ar bith ar mian leis freagairt dó ar an tslí sin.

Chláraigh 296 duine san iomlán chun freastail ar na cúig dáta ar fad. Ba é 200<sup>7</sup> líon iarbhrí na ndaoine aonair a d'fhreastail ar na himeachtaí agus d'fhreagair 187 duine aonair do na ceisteanna trí leas a bhaint as Mentimeter. Fuarthas dhá fhreagairt bhreise i bhformáid cháipéise agus fuarthas freagairt amháin ón fheidhmiúlacht Ceisteanna & Freagraí ar Zoom. Cuireadh iad sin leis an tacar sonraí agus áiríodh iad san anailís.

Is é briseadh síos na rannpháirtithe de réir inscne i gCéim II ná 25% fireann agus 75% boireann a bheag nó a mhór.<sup>8</sup>

I ndiaidh na teagmhála Chéim I, rinneadh an t-aiseolas ar fad a anailísiú agus a mheas. I bhfianaise an aiseolais a fuarthas, rinneadh athbhreithniú ar an dréacht den bheartas i dtaca leis an Réamhphleanáil Chúraim thar roinnt réimsí roimh an chomhairliúchán phoiblí. Féach Tábla II thíos le haghaidh sonraí.

**Tábla II**

**Torthaí ón Luath-theagmháil le Páirtithe Leasmhara mar chuid de Chéim II**

| <b>Céim I - An méid a bhí le rá ag na Páirtithe Leasmhara:</b>                          | <b>Gníomhaíochtaí a glacadh mar chuid d'athdhréachtú an bheartais roimh an Chomhairliúchán Phoiblí:</b>                                           |
|-----------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Bíodh sé níos soiléire i dtaobh cé dó atá an beartas                                    | Soláthraíodh soiléire breise i réamhrá an bheartais                                                                                               |
| Soiléirigh an téarmaíocht a úsáidtear                                                   | Deimhníodh leanúnachas in úsáid na teanga agus cuireadh gluais leis ar mhaithe le téarmaíocht a mhíniú                                            |
| Cuir isteach ról na spioradáltachta                                                     | Cuireadh isteach mír úr i dtaca leis an spioradáltacht                                                                                            |
| Tabhair aitheantas d'éagsúlachtaí cultúrtha                                             | Rinneadh tagairt do thionchair chultúrtha sa mhír 'Luachanna'                                                                                     |
| Cuir síneadh leis an mhír 'Na rudaí atá tábhachtach domsa' m.sh. Cleithiúnaithe, peataí | Mír úr maidir le 'Cúram agus tacaíocht do Chleithiúnaithe'                                                                                        |
| Soiléirigh cuspóir na Réamhphleanála Cúraim                                             | Cuireadh breis soiléire ar fáil, lena n-áirítear mír maidir le 'An dóigh a n-úsáidtear comhráite faoin Réamhphleanáil Chúraim'                    |
| Cás-staidéir mar léiriú                                                                 | Forbrófar cás-staidéir ar mhaithe le treorú oibríochta agus seoladh teachtaireachtaí poiblí                                                       |
| Mír ar leith ina soiléirítear Luachanna agus Prionsabail                                | Athbhreithniú déanta ar an mhír agus tuilleadh soiléire tugtha maidir le Luachanna agus uasdátú ar Phrionsabail chuig 'Prionsabail an Chleachtas' |
| Soiléire breise maidir le gnéithe dlíthiúla                                             | Soláthraíodh níos mó soiléire i dtaca le gnéithe dlíthiúla mar atá cumas meabhrach                                                                |
| Níos mó mionsonraí maidir le cinntí ar mhaithe le Leas an Duine                         | Rinneadh an mír a bhaineann le cinntí ar mhaithe le Leas an Duine a fhorbairt agus a mhéadú                                                       |

<sup>7</sup> Meastachán atá san uimhir sin atá bunaithe ar fhiigiúirí freastail dóibh siúd a chláraigh, ach lamháil a dhéanamh i leith logáil isteach chomhroinnte agus dhéanach, nár taifeadadh ar an chóras.

<sup>8</sup> Bunaithe ar ainmneacha baiste na ndaoine cláraithe a d'fhreastail ar an tseimineár gréasáin

|                                                                                         |                                                                                                                        |
|-----------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Cuir isteach breis eolais maidir le hathrú iompraíochta                                 | Rinneadh athbhreithniú ar an mhír a bhaineann le hathrú iompraíochta lena n-áirítear léaráid athraithe iompraíochta    |
| Cuir tuilleadh mionsonraí leis an léaráid de ghnéithe chun idircheangailteacht a léiriú | Rinneadh an léaráid de ghnéithe a leasú lena léiriú ar dhóigh níos fearr na hidircheangail leis na ceithre ghné ar fad |
| Cúrsaí airgeadais                                                                       | Le meas mar chuid den chur i bhfeidhm                                                                                  |

Foilsíodh tuairisc iomlán maidir le gníomhaíocht Luath-theagmhála le Páirtithe Leasmhara i Meán Fómhair 2021.<sup>9</sup>

## Rannpháirtíocht Phearsanta agus Phoiblí

I mí Iúil 2021, mar chuid de chomhpháirtíocht le Comhairle na nOthar agus na gCliaint, earcaíodh buíon de 74 chomhpháirtneir dheonacha, lena n-áirítear úsáideoirí seirbhíse, cúramóirí agus baill an phobail a raibh spéis acu ann. Bainfear leas as an bhuíon sin d'fhonn tacú leis an chomhléiriú/chomhdhearadh ag staideanna éagsúla de chlár oibre na Réamhphleanála Cúraim.

Ar spéis ann a chlárú dóibh, iarradh ar chomhpháirtneirí deonacha páirt a ghlacadh i seisiún ionductaithe agus ceistiúchán a chomhlíonadh ar mhaithe le hionadaíocht a mheas i measc na gcatagóirí a bhaineann le Mír 75.

Bhí 41 aisfhreagra don cheistiúchán sin agus léirítear sa tábla thíos na torthaí:

| Comhdhéanamh Ghrúpa na gComhpháirtneirí Deonacha |                                                                                                                                                                               |
|--------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| • <b>Inscne:</b>                                 | 9 fireann, 32 baineann                                                                                                                                                        |
| • <b>Aois:</b>                                   | 20 – 29 (1 ball), 30 – 39 (2 ball), 40 – 49 (5 ball), 50+ (32 ball), B'fhearr liom gan a lua (1 ball).                                                                        |
| • <b>Stádas Pósta</b>                            | Pósta (25 bhall), Ag maireachtáil le páirtí (1 bhall), Singil (8 ball), Scartha/Colscartha (2 ball), Baintreach nó Baintreach Fir (4 ball), B'fhearr liom gan a lua (1 ball). |
| • <b>Cleithiúnaithe:</b>                         | Iad siúd a bhfuil cleithiúnaí acu (17 ball), Iad siúd nach bhfuil cleithiúnaí acu (23 ball), B'fhearr liom gan a lua (1 ball).                                                |
| • <b>Míchumas:</b>                               | Iad siúd a bhfuil míchumas acu (7 ball), Iad siúd nach bhfuil míchumas acu (30 ball), B'fhearr liom gan a lua (3 ball).                                                       |
| • <b>Gnéasacht:</b>                              | Heitrichnéasach (39 ball), Leispiach/Aerach (1 ball), Déghnéasach (1 ball).                                                                                                   |
| • <b>Creideamh:</b>                              | Protastúnach (19 ball), Caitliceach (15 ball), Eile (3 ball), B'fhearr liom gan a lua (4 ball).                                                                               |
| • <b>Grúpa Cine:</b>                             | Geal (40 ball), Dubh agus grúpaí Mionlaigh Eitneach (1 ball).                                                                                                                 |

<sup>9</sup> [doh-advance-care-plan-policy-adults-report\\_0.pdf \(health-ni.gov.uk\)](#)



## Léargais Cháilíochtúla ó Theagmhálacha

Tháinig léargais cháilíochtúla bhreise chun tosaigh le linn na luath-theagmhála le páirtithe leasmhara lena léiríodh sainriachtanais a bhí ag roinnt grúpaí a bhaineann le Mír 75. Bhí siad sin mar chuidiú modhanna a fhorbairt i leith na ngníomhaíochtaí teagmhála mar aon leis an bheartas a fhorbairt agus a fheidhmiú. Tugtar roinnt samplaí de na léargais sin thíos.

*“Mothaím go bhfuil an teanga dúshlánach chan amháin anseo, ach ar fud na háite ... táthar ag caint faoi ‘beag beann ar inscne’ srl. seachas nath a úsáid ar nós ‘lena n-áirítear na féiniúlachtaí sin ar fad’ ... is beag gur cuma linn faoi na rudaí sin ... ba chóir dúinn a rá gur cuid thábhachtach é sin agus aitheantas a thabhairt dó. Tá meon thart timpeall air sin ... deir daoine nach bhfeiceann siad cine, ‘is cuma liom faoi na rudaí sin’ ach ba chóir dúinn aird a tharraingt orthu ... a aithint gur cuid dá thaithí saoil é.”*

*“Tá cruthú Réamhphleanála Chúraim ag brath ar chumas scríofa nó labhartha an duine ... cad é mar a éascaímid é do dhaoine a bhfuil riachtanais chumarsáide eile acu, .i. iad siúd a bhfuil néaltrú nó míchumas foghlama acu ...”*

*“Tá tacaíocht chumarsáide iontach tábhachtach ... tá riachtanais éagsúla ag daoine bodhra ...”*

*“Taitníonn na teagmhálacha tús-ualaithe in éineacht leis an earnáil phobail agus dheonach go mór liom, is é an cur chuige ceart é.”*

*“An rud a sheas amach domsa ná na prionsabail ... tá sé go maith na prionsabail a fheiceáil chun tosaigh ... de ghnáth tchí tú na luachanna bunaidh ag deireadh cáipéise ... tá tábhacht ag baint leo sin agus muid ag déanamh machnaimh maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim ... Sílim go bhféadfaí iad sin a leathnú giota beag níos mó lena chuimsiú d’fíor an duine mar chuid den Réamhphleanáil Chúraim agus d’fhéadfaí go mbeadh roinnt den teanga atá bunaithe ar luachanna a bheith mar bhuntáiste do dhaoine agus iad ag amharc ar an bheartas seo agus do ghairmithe atá ag dul i ngleic le daoine atá i mbun Réamhphleanáil Chúraim a dhéanamh dóibh féin.”*

## Bearta a Glacadh chun Tacú leis an Inrochtaineacht

- Oiliúint agus creidiúnú ó Communication Access UK a bheith críochnaithe ag bail foirne uile an Chláir maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim.
- Comhairle agus Tacaíocht i dtaobh Ionchuimsitheachta agus Inrochtaineachta arna soláthar ag Institiúid Náisiúnta Ríoga na nDall (INRD).
- Tacaíocht bhreise curtha ar fáil d’fhonn na riachtanais atá aibhsithe ag pobal na mbodhar a shásamh.
- Aithnítear an gá atá ann chun an fhaisnéis ar fad a sholáthraítear a bheith curtha ar fáil i bhformáidí sothuigte. Lena chois sin, aithnítear an gá atá ann le tacaíocht ilteangach agus litearthacht sláinte.

## Taighde

Tá eolas déanta d'fhorbairt an bheartais ag tuarascáil taighde choimisiúnaithe ó Ollscoil Uladh dar teideal “Cá háit a bhfuil muid anois?”<sup>10</sup> Chuala 28.5 faoin chéad san iomlán de na freagróirí iomrá ar an téarma ‘Réamhphleanáil Chúraim’ ach ní raibh ach 7 faoin chéad díobh a ghlac páirt i gcomhrá maidir leis. D’ainneoin sin, cheap ceithre chúigiú de na freagróirí (82.2 faoin chéad) gurb údar sólais é dóibh fios a bheith acu gur fhág siad treoir dá dteaghlach i dtaca lena mianta.

Bhí an taighde bunaithe ar shampla ionadaíoch d’aosaigh as daonra TÉ a bhí 18 mbliana d’aois nó níos sine.

## Sonraí Eile

Le cois an taighde dá dtagraítear thuas, rinneadh measúnú ar na foinsí seo a leanas de thaighde/fhaisnéis chainníochtúil;

- Faisnéis ó Dhaonáireamh 2011 i dTuaisceart Éireann, arna foilsiú ag Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staitisticí agus Taighde (GTÉST);
- Staitisticí i dtaca le féiniúlacht ghnéis sa Ríocht Aontaithe de réir inscne, réigiúin agus aoisghrúpa atá faighte ón tSuirbhé Bliantúil Daonra arna fhoilsiú ag an Oifig um Staidreamh Náisiúnta;
- Faisnéis ó Shuirbhé Bhaill Foirne an SCS 2019 arna dhéanamh ag GTÉST;
- Daonáireamh Lucht Oibre na Seirbhíse Sláinte agus Chúraim Shóisialta TÉ 2020 arna fhoilsiú ag Stiúrthóireacht Anailíse Faisnéise na Roinne Sláinte.
- Meastacháin Láir Bliana an Daonra 2020 ó GTÉST

---

<sup>10</sup> Tá an Northern Ireland Life and Times Survey (NILTS) mar chuid chomhábhair de ARK (Access, Knowledge, Research) a bhfuil sé mar chuspóir aige tacú le forbairt bheartais agus díospóireacht i dTuaisceart Éireann trí fhaisnéis agus anailís chriticiúil a chur ar fáil. Is féidir rochtain a fháil ar an tuairisc ar líne; [www.ulster.ac.uk/data/assets/pdf\\_file/0012/819678/Where-are-we-now-Examining-public-knowledge-and-attitudes-towards-palliative-care-and-advance-care-planning-in-NI.pdf](http://www.ulster.ac.uk/data/assets/pdf_file/0012/819678/Where-are-we-now-Examining-public-knowledge-and-attitudes-towards-palliative-care-and-advance-care-planning-in-NI.pdf)

## Measúnú ar Thionchar

### Creideamh

#### Faisnéis Infhaighte - Creideamh

Ní féidir teacht ar bhriseadh síos sonrach an chreidimh atá ag úsáideoirí seirbhíse, nó do bhaill foirne uile na seirbhísí Sláinte agus Cúraim Shóisialta. Tá briseadh síos againn ámh i dtaca leis an daonra aosach de réir Dhaonáireamh 2011<sup>11</sup>.

Ba é 1,810,863 duine an daonra i dTuaisceart Éireann aimsir an daonáirimh in 2011, agus ba mar seo a leanas a bhí briseadh síos:

- Caitliceach – 40.8 faoin chéad
- Protastúnach – 41.6 faoin chéad
- Eile – 0.8 faoin chéad
- Gan chreideamh nó Creideamh neamhluaite – 16.9 faoin chéad

In 2019, thug GTÉST faoi Shuirbhé Bhaill Fhoirne SCS<sup>12</sup>, inar tiomsaíodh roinnt sonraí déimeagrafacha ó fhreagróirí. Tá sé tábhacht go dtugtar faoi deara nár ghlac ach 19,094 duine páirt sa tsuirbhé as na 77,781 ball foirne a bhí fostaithe aimsir an tsuirbhé.

Astu siúd a d'fhreagair, ba mar seo a leanas a bhí briseadh síos de réir creidimh cúlra pobail:

- Pobal Protastúnach – 42 faoin chéad
- Pobal Caitliceach Rómhánach – 45 faoin chéad
- Ní ón Phobal Phrotastúnach ná ón Phobal Chaitliceach Rómhánach – 13 faoin chéad

Anuas air sin, rinneadh creideamh a bhriseadh síos mar seo a leanas:

- Críostaí – 77 faoin chéad
- Gan chreideamh – 18 faoin chéad
- Creideamh eile – 5 faoin chéad

#### Measúnú ar Thionchar - Creideamh

Leis an Réamhphleanáil Chúraim cinntítear go bhfuil an deis ag daoine dul i mbun comhráite réalaíocha agus praiticiúla faoina bhfuil tábhachtach dóibh, agus chun a mhianta, a mhothúcháin, a chreidimh agus a luachanna a mheas agus a thaifeadadh, má roghnaíonn siad déanamh amhlaidh. Leis an Réamhphleanáil Chúraim tugtar tacaíocht do dhuine ionas go mbeidh rogha níos leithne aige i leith cinntí, lena n-áirítear pleananna le haghaidh a chúraim agus a chóireála féin amach anseo. Is dócha go mbeidh tionchar dearfach ar an iomlán ag an Réamhphleanáil Chúraim agus táthar ag súil nach mbeidh aon tionchar difreálach i dtaca le creideamh.

---

<sup>11</sup> <https://www.nisra.gov.uk/statistics/census/2011-census>

<sup>12</sup> [HSC Staff Survey 2019 Regional Benchmark Report](#)

Sna sonraí a bhaineann le creideamh i dTuaisceart Éireann mar a thugtar breac-chuntas orthu thuas léirítear mórán na gcreideamh Críostaí. Táthar ag dúil go bhféadfar go mbeidh tionchar dearfach ar dea-chaidrimh idir daoine ó chreidimh éagsúla. Tríd an Réamhphleanáil Chúraim éascaítear mianta, mothúcháin, creidimh agus luachanna a phlé, a thaifeadadh agus a chomhroinnt d'fhonn an phleanáil don todhchaí a fhoirmiú lena n-áirítear cúram, tacaíocht agus cóireáil.

## **Cothromaíocht Deiseanna – Creideamh**

Ar mhaithe le cothromaíocht deiseanna a chur chun cinn, tabharfar urraim chuí lena ndeimhneofar íogaireacht agus meas do dhaoine de gach creideamh maidir leis an bheartas seo i leith na Réamhphleanála Cúraim a fheidhmiú. I measc na mbeart onghníomhach cuimseofar cur chun cinn an bheartais do ghrúpaí eaglaise/creidimh trí theachtaireachtaí sothuigte a sheoladh mar chuid d'fheachtas seolta teachtaireachtaí agus de chur chun cinn an bheartais.

Rinneadh Creatlach Ábaltachtaí don Réamhphleanáil Chúraim a forbairt chun tacú le hoiliúint agus oideachas dóibh siúd a chuireann cúram, tacaíocht agus cóireáil ar fáil. Leis sin, is é an cuspóir ná iad siúd atá ag tacú leis an Réamhphleanáil Chúraim a chumasú le cleachtadh ar dhóigh atá dírithe ar an duine, lena ndearbhaítear ceart an duine chun roghanna agus cinntí a dhéanamh fiú nuair atá siad éagsúil ón duine atá ag soláthar cúraim agus tacaíochta.

## **Tuairim Pholaitiúil**

### **Faisnéis Infhaighte – Tuairim Pholaitiúil**

Tá sonraí teoranta ar fáil maidir le tuairim pholaitiúil. Ach is féidir leas a bhaint as sonraí a léirítear thíos a bhaineann le vótaí céadrogha de réir páirtithe sna Toghcháin do Thionól Thuaisceart Éireann in 2017<sup>13</sup> mar sheachfhaisnéis.

- An Páirtí Aontachtach Daonlathach (PAD): 225,413 (28.1 faoin chéad)
- Sinn Féin: 224,245 (27.9 faoin chéad)
- Páirtí Aontachtach Uladh (PAU): 103,314 (12.9 faoin chéad)
- Páirtí Sóisialta agus Daonlathach an Lucht Oibre (PSDLO): 95,958 (11.9 faoin chéad)
- Páirtí na Comhghuaillíochta: 72,717 (9.1 faoin chéad)
- Glór Traidisiúnta Aontachtach (GTA): 20,523 (2.6 faoin chéad)
- An Comhaontas Glas: 18,527 (2.3 faoin chéad)
- Neamhspleáigh: 14,407 (1.8 faoin chéad)
- An Comhaontas Pobal seachas Brabús: 14,100 (1.8 faoin chéad)
- An Páirtí Aontachtach Forásach (PAF): 5,590 (0.7 faoin chéad)

<sup>13</sup> Tábla 5.1 in Tuairisc Toghcháin: Toghchán Thionól Thuaisceart Éireann, 2 Márta 2017 NIAR 20-17

- An Páirtí Coimeádach: 2,399 (0.3 faoin chéad)
- Eile: 6,122 (0.8 faoin chéad)

Tá tacaíocht traspháirtí léirithe ag feisirí Thionól TÉ faoi choinne Beartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim a fhorbairt. Is léir an méid sin i dTuarascáil Fiosrúcháin an Choiste Sláinte maidir leis an tionchar a bhí ag COVID-19 ar Thithe Cúraim (TTÉ 59/17 -22) arna foilsithe an 1 Feabhra 2021 agus i ndíospóireacht iomlánach ar 27 Aibreán 2021 (Hansard Iml. 138, Uimh. 6).

### **Measúnú ar Thionchar – Tuairim Pholaitiúil**

Leis an Réamhphleanáil Chúraim cinntítear go bhfuil an deis ag daoine dul i mbun comhráite réalaíocha agus praiticiúla faoina bhfuil tábhachtach dóibh, agus chun a mhianta, a mhothúcháin, a chreidimh agus a luachanna a mheas agus a thaifeadadh, má roghnaíonn siad déanamh amhlaidh. Leis an Réamhphleanáil Chúraim tugtar tacaíocht do dhuine ionas go mbeidh rogha níos leithne aige i leith cinntí, lena n-áirítear pleananna le haghaidh a chúraim agus a chóireála féin amach anseo. Is dócha go mbeidh tionchar dearfach ar an iomlán ag an Réamhphleanáil Chúraim agus táthar ag súil nach mbeidh aon tionchar difreálach i dtaca le tuairim pholaitiúil.

### **Cur Chun Cinn na Cothromaíochta Deiseanna – Tuairim Pholaitiúil**

Ar mhaithe le cothromaíocht deiseanna a chur chun cinn, tabharfar urraim chuí lena ndeimhneofar íogaireacht agus meas do dhaoine de gach tuairim pholaitiúil maidir leis an bheartas seo i leith na Réamhphleanála Cúraim a fheidhmiú. I measc na mbeart onghníomhach cuimseofar cur chun cinn an bheartais i ngach pobal trí theachtaireachtaí sothuigte a sheoladh mar chuid d'fheachtas seolta teachtaireachtaí agus de chur chun cinn an bheartais.

Déanfar Creatlach Ábaltachtaí don Réamhphleanáil Chúraim a forbairt chun tacú le hoiliúint agus oideachas dóibh siúd a chuireann cúram, tacaíocht agus cóireáil ar fáil. Leis sin, is é an cuspóir ná iad siúd atá ag tacú le daoine agus iad ag tabhairt faoin Réamhphleanáil Chúraim a chumasú le cleachtadh ar dhóigh atá dírithe ar an duine, lena ndearbhaítear ceart an duine chun roghanna agus cinntí a dhéanamh fiú nuair atá siad éagsúil ón duine atá ag soláthar cúraim agus tacaíochta.

## **Grúpa Cine**

### **Faisnéis Infhaighte – Grúpa Cine**

Ba é 1,810,863 duine an daonra i dTuaisceart Éireann aimsir an daonáirimh in 2011, agus as an daonra ghnáthchónaitheach bhain 1.8 faoin chéad díobh (32,596 duine) le mionghrúpaí eitneacha. Ba mar seo a leanas a bhí briseadh síos foriomlán an daonra:

- Geal – 98.21 faoin chéad (1,778,449)
- Síneach – 0.35 faoin chéad (6,338)

- Lucht Siúil na hÉireann – 0.07 faoin chéad (1,268)
- Indiach – 0.34 faoin chéad (6,157)
- Pacastánach – 0.06 faoin chéad (1,087)
- Banglaidéiseach – 0.03 faoin chéad (543)
- Áiseach Eile – 0.28 faoin chéad (5,070)
- Cairibeach Dubh – 0.02 faoin chéad (362)
- Afracach Dubh – 0.13 faoin chéad (2354)
- Dubh Eile – 0.05 faoin chéad (905)
- Measctha – 0.33 faoin chéad (5976)
- Eile – 0.13 faoin chéad (2354)

As an daonra ar fad (a raibh 3 bliana nó níos mó slánaithe acu) mheas 3.14 faoin chéad go raibh teanga eile seachas an Béarla mar phríomhtheanga acu. As an 98 faoin chéad den daonra ghnáthchónaitheach i dTuaisceart Éireann ar Lá an Daonáirimh in 2011 a d'aithin a gcine mar Gheal, ba chóir go dtabharfaí faoi deara gur rugadh beagnach 10 faoin chéad díobh (179,000 duine) lasmuigh de Thuaisceart Éireann. Ina measc siúd áirítear; 19,300 duine aonair as an Pholainn, 7,250 duine as an Liotuáin, 4,000 duine as Meiriceá, 3,800 duine as an Ghearmáin agus 1,650 as an Afraic Theas.

Ba iad na fo-ghrúpaí eitneacha ba mhó in 2011 ná Síneach (6,300 duine; aníos ó 4,100 duine in 2001), Indiach (6,200; aníos ó 1,600), agus Áiseach Eile (5,000; aníos ó 200), arbh ionann gach ceann acu agus timpeall 0.3 faoin chéad den daonra ghnáthchónaitheach (Tábla DC2248NI). Agus na 1,300 duine de Lucht Siúil na hÉireann curtha san áireamh, as an daonra ghnáthchónaitheach bhain 1.8 faoin chéad (32,400 duine) le Mionghrúpaí Eitneacha in 2011, breis agus dhá oiread níos mó ná an méid in 2001 (0.8 faoin chéad).

Is féidir a bheith ag súil go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na ndaoine a rugadh lasmuigh de Thuaisceart Éireann ó dhaonáireamh na bliana 2011.

I dtorthaí an daonáirimh ó 2011 is léir difear ó thaobh na próifíle aoise i bpobal Lucht Siúil na hÉireann i dtaca leis an daonra gheal. Cé go bhfuil 78 faoin chéad den Lucht Siúil níos óige ná 45 bliana d'aois (i gcodarsnacht le 61 faoin chéad den chine Gheal), níl ach 6.4 faoin chéad acu (83 duine) 65 bliana d'aois nó níos sine, i gcodarsnacht le 15 faoin chéad díobh atá den chine Gheal.

Tá líon bheag agus sciar beag de bhaill an Luchta Siúil atá níos sine mar léiriú ar a n-ionchas saoil i bhfad níos ísle. Sa Staidéar Uile-Éireann maidir le Sláinte an Luchta Siúil (2010)<sup>14</sup> fuarthas amach go raibh 61.7 bliain mar ionchas saoil na bhfear i measc an Luchta Siúil in Éirinn (Tuaisceart Éireann san áireamh) aimsir a mbreithe, arb ionann é sin agus mar a bhí i

<sup>14</sup> An Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí (RSSSP, 2010) Staidéar Uile-Éireann maidir le Sláinte an Luchta Siúil. An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC). Le fáil ar: <http://www.dhsspsni.gov.uk/aiths.pdf>

measc an mhórphobail sna 1940aidí. I gcás na mban i measc an Luchta Siúil, bhí 70.1 bliain mar ionchas saoil acu, atá cosúil le mar a bhí i measc an mhórphobail sna 1960aidí<sup>15</sup>.

### **Measúnú ar Thionchar – Grúpa Cine**

Leis an Réamhphleanáil Chúraim cinntítear go bhfuil an deis ag daoine dul i mbun comhráite réalaíocha agus praiticiúla faoina bhfuil tábhachtach dóibh, agus chun a mhianta, a mhothúcháin, a chreidimh agus a luachanna a mheas agus a thaifeadadh, má roghnaíonn siad déanamh amhlaidh. Leis an Réamhphleanáil Chúraim tugtar tacaíocht do dhuine ionas go mbeidh rogha níos leithne aige i leith cinntí, lena n-áirítear pleananna le haghaidh a chúraim agus a chóireála féin amach anseo. Is dócha go mbeidh tionchar dearfach ar an iomlán ag an Réamhphleanáil Chúraim agus táthar ag súil nach mbeidh aon tionchar difreálach i dtaca le grúpa cine.

Leis an Réamhphleanáil Chúraim d'fhéadfaí go soláthrófaí an deis do dhaoine ó ghrúpaí éagsúla cine chun comhráite a bheith acu leo siúd a chuireann cúram, tacaíocht nó cóireáil ar fáil, lena n-áireofaí eolas a chomhroinnt maidir lena gcreidimh agus traidisiúin eitneacha agus chultúrtha. Tá an fhéidearthacht ann go gcuirfear tuiscint níos fearr chun cinn i measc daoine ó ghrúpaí éagsúla cine mar aon le cuidiú lena chinntiú go léireofar creidimh agus traidisiúin eitneacha/chultúrtha éagsúla, nuair atá siad tábhachtach don duine, sa chúram, tacaíocht nó cóireáil a thugtar do dhuine ar an bhonn sin.

Féadfar go mbeifear ag súil go mbeidh tionchar dearfach ag an bheartas ar ghrúpaí eitneacha a bhfuil ionchas saoil níos ísle acu, toisc go gcruthófar deiseanna chun roghanna a chur in iúl maidir leis an tsláinte, cúram nó cóireáil ar féidir nach raibh a leithéid ar fáil roimh theacht isteach an bheartais maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim.

### **Cur Chun Cinn na Cothromaíochta Deiseanna – Grúpa Cine**

Ar mhaithe le cothromaíocht deiseanna a chur chun cinn, tabharfar urraim chuí lena ndeimhneofar íogaireacht agus meas do dhaoine de gach grúpa cine maidir leis an bheartas seo i leith na Réamhphleanála Cúraim a fheidhmiú. Tá aitheantas tugtha don ghá atá ann le tacaíocht ilteangach agus litearthacht sláinte. Tá comharthaí ann gur dócha go mbainfidh roinnt grúpaí eitneacha úsáid níos lú as seirbhísí ná a chéile. Is gné é sin a mheasfar agus an beartas á chur i bhfeidhm lena chinntiú go maolófar bacainní ar bith atá ann cheana d'fhonn tacú le rochtain chothromasach. I measc na mbeart onghníomhach cuimseofar cur chun cinn an bheartais do ghrúpaí uile cine trí theachtaireachtaí sothuigte a sheoladh mar chuid d'fheachtas seolta teachtaireachtaí agus de chur chun cinn an bheartais.

Déanfar Creatlach Ábaltachtaí don Réamhphleanáil Chúraim a forbairt chun tacú le hoiliúint agus oideachas dóibh siúd a chuireann cúram, tacaíocht agus cóireáil ar fáil. Leis sin, is é an cuspóir ná iad siúd atá ag tacú le daoine agus iad ag tabhairt faoin Réamhphleanáil Chúraim a chumasú le cleachtadh ar dhóigh atá dírithe ar an duine, lena ndearbhaítear ceart

<sup>15</sup> Cé go luaitear 1,301 duine den Lucht Siúil san iomlán i dTuaisceart Éireann i nDaonáireamh na bliana 2011, is fiú a thabhairt faoi deara fosta go bhfuarthas 1,562 teaghlach den Lucht Siúil a bhí ina gcónaí i dTuaisceart Éireann, agus 3,905 duine mar dhaonra measta den Lucht Siúil, de réir an Staidéir Uile-Éireann maidir le Sláinte an Luchta Siúil (COBÁC / RSSSP, 2010).

an duine chun roghanna agus cinntí a dhéanamh fiú nuair atá siad éagsúil ón duine atá ag soláthar cúraim agus tacaíochta.

## Aois

### Faisnéis Infhaighte - Aois

Ardaíodh meánaois mhuintir Thuaisceart Éireann ó 34 go 37 mbliana idir na Daonáirimh in 2001 agus in 2011. Thar an tréimhse chéanna, tháinig laghdú ar chéatadán na bpáistí faoi 16 bliana d'aois ó 24 faoin chéad go 21 faoin chéad, agus tháinig ardú ar chéatadán na ndaoine a bhí 65 bliana d'aois nó níos sine ó 13 faoin chéad go 15 faoin chéad.

I gcodarsnacht le Daonáireamh na bliana 2001, tháinig méadú 18 faoin chéad (40,400 duine) ar líon na ndaoine a bhí 65 bliana d'aois nó níos sine i dTÉ suas go 263,700 ar Lá an Daonáirimh 2011.

Idir 2002 agus 2012, tháinig ardú 20 faoin chéad ar líon na ndaoine a bhí idir 60-84 bliana d'aois, agus tháinig méadú 38 faoin chéad ar líon na ndaoine a bhí 85+ bliain d'aois. Tugann sé sin le fios go bhfuil déimeagrafach aosaithe pobail i gceist.

I Meastacháin Láir Bliana an Daonra 2020<sup>16</sup> léirítear go meastar gurb é tuairim is 1,895,510 daonra Thuaisceart Éireann, agus 441,108 duine acu siúd (23 faoin chéad) faoi 18 mbliana d'aois agus 1,454,402 duine acu (77 faoin chéad) os cionn 18 mbliana d'aois.

De réir taighde arna dhéanamh ag iReach thar ceann na hInstitiúide Uile-Éireann Cúraim Ospíse agus Mhaolaithigh (IUÉCOH)<sup>17</sup> tugtar le fios go n-aontaíonn (aontaíonn nó aontaíonn go tréan) 73 faoin chéad de fhreagróirí TÉ gur mhian leo go dtacófaí leo chun a mianta agus a roghanna a phlé agus a scríobh síos maidir le cúram deiridh saoil. Ní raibh aon athrú suntasach ann thar na bandaí aoise a ndearnadh suirbhé orthu, agus ba mar seo a leanas na torthaí;

- 73 faoin chéad díobh siúd a bhí 18 -34 bliain d'aois a léirigh an rogha sin,
- 71 faoin chéad díobh siúd a bhí 35 – 55 bliain d'aois a léirigh an rogha sin agus
- 78 faoin chéad díobh siúd a bhí 55+ bliain d'aois a léirigh an rogha sin

I mí Feabhra 2007, d'fhoilsigh Cumann Alzheimer mórstaidéar i dtaca le tionchar sóisialta agus geilleagrach an néaltraithe sa Ríocht Aontaithe. Sa taighde a coimisiúnaíodh trí Choláiste an Rí<sup>18</sup>, Londain agus trí Scoil na hEacnamaíochta, Londain tugtar léargas mionsonraithe agus láidir d'fhorleithne agus de thionchar eacnamaíoch an néaltraithe sa Ríocht Aontaithe. Sa tuairisc sin tugtar meastachán go bhfuil cineál néaltraithe ag duine as gach 14 duine os cionn 65 bliana d'aois agus ag duine as gach seisear os cionn 80 bliain

<sup>16</sup> <https://www.nisra.gov.uk/publications/2020-mid-year-population-estimates-northern-ireland>.

<sup>17</sup> <https://aiihpc.org/wp-content/uploads/2020/10/Palliative-Care-Study-NI-July-2020-V1.2.pdf>

<sup>18</sup> Scoil na hEacnamaíochta Londain, Coláiste an Rí Londain, Cumann Alzheimer. Dementia UK: The Full Report, 2007 [alzheimers\\_16425](#)



d'aois. Tuarascáil Bhreise arna foilsiú ag Cumann Alzheimer: 'Dementia 2013: The hidden voice of loneliness'<sup>19</sup> ina léirítear go bhfuil néaltrú ag 18,862 duine i dTÉ.

## **Measúnú ar Thionchar - Aois**

Leis an Réamhphleanáil Chúraim cinntítear go bhfuil an deis ag daoine dul i mbun comhráite réalaíocha agus praiticiúla faoina bhfuil tábhachtach dóibh, agus chun a mhianta, a mhothúcháin, a chreidimh agus a luachanna a mheas agus a thaifeadadh, má roghnaíonn siad déanamh amhlaidh. Leis an Réamhphleanáil Chúraim tugtar tacaíocht do dhuine ionas go mbeidh rogha níos leithne aige i leith cinntí, lena n-áirítear pleananna le haghaidh a chúraim agus a chóireála féin amach anseo. Is dócha go mbeidh tionchar dearfach ar an iomlán ag an Réamhphleanáil Chúraim le haghaidh na n-aosach go léir atá 18 mbliana d'aois nó níos sine.

Roimhe seo, cheaptaí go raibh ceangal ann idir an Réamhphleanáil Chúraim, an cúram deiridh saoil agus an cúram maolaitheach, é sin nó cheaptaí nár bhain sí ach le seandaoine. Tá sé mar sprioc ag an bheartas seo creatlach don Réamhphleanáil Chúraim a chur ar fáil lena gcuimseofar an uile aosach atá 18 mbliana d'aois nó níos sine. Tá sé mar sprioc ag an chur chuige seo aosaigh de gach aois agus ag gach staid bheatha a spreagadh chun machnamh agus pleanáil a dhéanamh i gcomhair a riachtanas amach anseo.

I dTuaisceart Éireann, is mionlach iad na daoine atá faoi 18 mbliana d'aois, agus meastar gur lú ná ceathrú den daonra iad (23 faoin chéad).

Ní bhaineann an beartas seo le páistí agus daoine óga faoi 18 mbliana d'aois ar bhonn díreach. Tá an bunús atá le raon an bheartais lena n-aghaidh siúd atá 18 mbliana d'aois nó níos sine bunaithe ar phrionsabail eiticiúla na comhréireachta agus ar bhreithniúchán maidir le gnéithe dlíthiúla ina léirítear athrú sa tsoláthar dóibh siúd atá faoi 18 mbliana d'aois agus dóibh siúd atá 18 mbliana d'aois nó níos sine.

Tá eolas déanta don chinneadh sin ag breithniúcháin phraiticiúla mar a achoimrítear thíos:

Aithnítear go bhfuil difear suntasach ag baint le riachtanais na ndaoine atá faoi 18 mbliana d'aois agus go dteastódh cur chuige saincheaptha uathu. Leis an Ordú maidir le Páistí (TÉ) 1995<sup>20</sup> aithnítear gur chóir go dtabharfaí guth do pháistí maidir lena dtarlaíonn dóibh agus ba chóir go mbeadh deiseanna ann le bheith ag comhoibriú le páistí, dá mhéid a ligtear é de réir aoise agus forbartha. Leis an Ordú maidir le Páistí (TÉ) 1995 ceanglaítear go dtabharfar tús áite do leas<sup>21</sup> an pháiste.

Lena chois sin, ní thagann reachtaíocht agus creatlacha cleachtais atá ann cheana atá mar bhonn faoin bheartas seo le soláthar dóibh siúd atá faoi 18 mbliana d'aois. Leis an Acht maidir le Meán-aois (TÉ) 1969<sup>22</sup> ceanglaítear gur foláir 18 mbliana d'aois a bheith slánaithe

<sup>19</sup> [Dementia 2013: The hidden voice of loneliness \(alzheimers.org.uk\)](http://dementia2013.org.uk)

<sup>20</sup> [The Children \(Northern Ireland\) Order 1995 \(legislation.gov.uk\)](http://legislation.gov.uk)

<sup>21</sup> *tugtar sainmhíniú ar dhuine atá faoi 18 mbliana d'aois mar "pháiste" de réir an Ordaithe maidir le Páistí (TÉ) 1995 agus de réir an dlí idirnáisiúnta.*

<sup>22</sup> [Age of Majority Act \(Northern Ireland\) 1969 \(legislation.gov.uk\)](http://legislation.gov.uk)

ag duine sula bhféadann sé cinntí conarthacha áirithe a dhéanamh. Mar an gcéanna, de réir an dlí is iondúil nach gceadaítear do dhuine ar bith faoi 18 mbliana d'aois uacht reachtúil a dhéanamh.

Áirítear Réamhchinntí chun Cóireáil a Dhiúltú (RCCD) mar chuid den bheartas seo. I gcás gurb é sin rogha an duine, le bheith bailí, ní mór don duine a bheith 18 mbliana d'aois nó níos sine agus inniúlacht aige an cinneadh a dhéanamh.

Aithnítear go gcuimsítear iad siúd atá 16 – 17 mbliana d'aois le haghaidh codanna de reachtaíocht an Achta maidir le Cumas Meabhrach (2016), ach tá prionsabail eiticiúla na comhréireacht mar bhonn faoi raon an bheartais seo a bheith dírithe orthu siúd atá 18 mbliana d'aois nó níos sine.

Is féidir go bhfuil tionchar dearfach indíreach i gceist dóibh siúd atá faoi 18 mbliana d'aois as siocair go n-áirítear sa bheartas foráil maidir le cleithiúnaithe a chur san áireamh sa Réamhphleanáil Chúraim. Táthar ag dúil go dtabharfaidh sé sin buntáistí féideartha do pháistí agus do dhaoine óga mar aon le haosaigh leochaileacha, má thagann tinneas nó éagumas ar thuismitheoir nó ar chúramóir a bhfuil Réamhphleanáil Chúraim i bhfeidhm aige.

Táthar ag dúil go mbeidh buntáistí ag lucht na gcatagóirí ar fad a bhaineann le Mír 75 i measc an daonra aosach (18 mbliana d'aois nó níos sine) mar thoradh ar an bheartas. Tá sé mar chroíchuspóir ag an bheartas chun cleachtas na Réamhphleanála Chúraim a leathnú amach lastall den chúram mhaolaitheach agus den chúram deiridh saoil, chun comhráite faoin Réamhphleanáil Chúraim a normalú agus, go hidéalach, chun a chinntiú go dtarlaíonn a leithéid de chomhráite roimh theacht géarchéim ar bith mar atá diagnóis droch-thinnis.

### **Maoluithe/Beartais Mhalartacha - Aois**

Mar a achoimrítear thuas, tá an bunús atá le raon an bheartais lena n-aghaidh siúd atá 18 mbliana d'aois nó níos sine bunaithe ar phrionsabail eiticiúla na comhréireachta agus ar bhreithniúchán maidir le gnéithe dlíthiúla ina léirítear athrú sa tsoláthar dóibh siúd atá faoi 18 mbliana d'aois agus dóibh siúd atá 18 mbliana d'aois nó níos sine. Tugtar breac-chuntas ar shocruithe malartacha le haghaidh páistí agus daoine óga a bhfuil riachtanais chúraim mhaolaithigh orthu sa Straitéis “Providing High Quality Palliative Care for Our Children”<sup>23</sup>

ina ndeirtear;

*“Déanfar cúram agus tacaíocht a phleanáil, agus mianta agus riachtanais an pháiste agus a theaghlaigh á gcur san áireamh, agus díreofar ar leas an pháiste agus ar cháilíocht a bheatha.”*

### **Cur Chun Cinn na Cothromaíochta Deiseanna - Aois**

Ar mhaithe le cothromaíocht deiseanna a chur chun cinn, tabharfar urraim chuí lena ndeimhneofar íogaireacht agus meas do dhaoine de gach aoisghrúpa maidir leis an bheartas seo i leith na Réamhphleanála Chúraim a fheidhmiú. I measc na mbeart onnghníomhach

---

<sup>23</sup> An Roinn Sláinte, Providing High Quality Palliative Care for Our Children: A Strategy for Children's Palliative and End of Life Care 2016 – 26

cuimseofar cur chun cinn an bheartais d'aoisghrúpaí éagsúla trí theachtaireachtaí sothuigthe a sheoladh mar chuid d'fheachtas seolta teachtaireachtaí agus de chur chun cinn an bheartais.

## **Stádas Pósta**

### **Faisnéis Infhaighte – Stádas Pósta**

De réir na sonraí ón Daonáirimh in 2011 tugtar faisnéis i dtaca le stádas pósta. Leis sin léirítear go raibh beagnach leathchuid (48 faoin chéad) de dhaoine a bhí 16 bliana d'aois nó níos sine pósta, agus bhí tríú cuid acu (36 faoin chéad) singil. Bhí ábhairín níos mó ná 1,200 duine (0.1 faoin chéad) cláraithe i bpáirtnéireacht shibhialta chomhghnéis i Márta 2011. Lena chois sin, de na gnáthchónaitheoirí bhí 9.4 faoin chéad scartha, colscartha nó tar éis páirtnéireacht shibhialta chomhghnéis a fhágáil, agus baintreacha, baintreacha fir nó páirtnéirí marthanaigh ab é an 6.8 faoin chéad a bhí fágtha.

### **Measúnú ar Thionchar – Stádas Pósta**

Leis an Réamhphleanáil Chúraim cinntítear go bhfuil an deis ag daoine dul i mbun comhráite réalaíocha agus praiticiúla faoina bhfuil tábhachtach dóibh, agus chun a mhianta, a mhothúcháin, a chreidimh agus a luachanna a mheas agus a thaifeadadh, má roghnaíonn siad déanamh amhlaidh. Leis an Réamhphleanáil Chúraim tugtar tacaíocht do dhuine ionas go mbeidh rogha níos leithne aige i leith cinntí, lena n-áirítear pleananna le haghaidh a chúraim agus a chóireála féin amach anseo. Is dócha go mbeidh tionchar dearfach ar an iomlán ag an Réamhphleanáil Chúraim agus táthar ag súil nach mbeidh aon tionchar difreálach i dtaca le stádas pósta.

### **Cur Chun Cinn na Cothromaíochta Deiseanna – Stádas Pósta**

Ar mhaithe le cothromaíocht deiseanna a chur chun cinn, tabharfar urraim chuí lena ndeimhneofar íogaireacht agus meas do dhaoine de stádas pósta éagsúil maidir leis an bheartas seo i leith na Réamhphleanála Cúraim a fheidhmiú. I measc na mbeart onghníomhach cuimseofar cur chun cinn an bheartais do dhaoine a bhfuil stádas pósta éagsúil acu trí theachtaireachtaí sothuigthe a sheoladh mar chuid d'fheachtas seolta teachtaireachtaí agus de chur chun cinn an bheartais.

Má thagann fianaise chun solais maidir le tionchair fhéideartha ar bith, déanfar iad a fhiosrú d'fhonn maolú iomchuí a aithint.

## **Gnéaschlaonadh**

### **Faisnéis Infhaighte – Gnéaschlaonadh**

Aithnítear nach bhfuil figiúirí beachta ar fáil maidir le gnéaschlaonadh i measc an ghnáthdhaonra, agus d'fhéadfaí go mbeadh difear mór sna meastacháin. Tá moltaí i bhfeidhm ag GTÉST, le hais na n-oifigí daonáirimh eile sa Ríocht Aontaithe, chun aghaidh a thabhairt air sin i ndaonáireamh na bliana 2021.

Mar chuid den Life and Times Survey in 2012<sup>24</sup> cuireadh agallamh ar 1,204 aosach lena ngnéaschlaonadh a dheimhniú.

- Thug 98 faoin chéad de fhreagróirí le fios go raibh siad Heitrichnéasach,
- thug 1 faoin chéad díobh le fios go raibh siad Aerach/Leispiach, agus
- dhiúltaigh 1 faoin chéad freagra a thabhairt ar an cheist.

De réir na bhfigiúirí atá foilsithe ag an Oifig um Staidreamh Náisiúnta in 2010, léirítear go dtugann 0.9 faoin chéad do dhaonra na Ríochta Aontaithe le fios go bhfuil siad aerach nó leispiach, agus anuas air sin thug 0.5 faoin chéad díobh le fios go raibh siad déghnéasach (Measuring Sexual Identity: An Evaluation Report<sup>25</sup>). Is dócha gur airde go mór na figiúirí iarbhír.

Mar chuid den teagmháil le páirtithe leasmhara i gCéim I agus II áiríodh aiseolas ó ghrúpaí a rinne ionadaíochta ar dhaoine a thug le fios go raibh siad LADTA+. Bhí pointí ar leith a bhaineann le taithí na ndaoine LADTA+ ina chuidiú chun cur le leasuithe ar an dréachtbheartas. Ina measc sin áirítear: aitheantas nach i gcónaí atá struchtúr traidisiúnta an teaghlaigh i gceist; ceisteanna nach dtugtar aitheantas i gcónaí do chaidrimh LADTA+ i suíomhanna cúraim agus moltaí gur chóir do teanga a bheith ionchuimsitheach.

*“má amharcann tú ar an scéal trí shúile an phobail LADT ... agus i dtaca le bacainní don phobal LADT ... ceisteanna a bhaineann le baill teaghlaigh agus déanamh cinntí agus a n-infheictheacht, a gcumas chun teacht amach laistigh de thimpeallachtaí cúraim, agus an tsábháilteacht agus na bacainní a bhaineann leis sin.”*

*“dar liomsa agus mé ag smaoineamh faoin duine LADT+, is minic gurb í an bhacainn nach gcuirtear ceist maidir lena ghnéaschlaonadh ná maidir lena fhéiniúlacht inscne ... ní chuirtear an cheist ar dhaoine ... leagtar an fhreagracht ar an chliant féin chun an scéal a sceitheadh go bhfuil sé aerach ar mhaithe le haitheantas iomlán a ghnóthú i dtaca le cé hé féin ina iomláine.”*

## **Measúnú ar Thionchar – Gnéaschlaonadh**

Leis an Réamhphleanáil Chúraim cinntítear go bhfuil an deis ag daoine dul i mbun comhráite réalaíocha agus praiticiúla faoina bhfuil tábhachtach dóibh, agus chun a mhianta, a mhothúcháin, a chreidimh agus a luachanna a mheas agus a thaifeadadh, má roghnaíonn siad déanamh amhlaidh. Leis an Réamhphleanáil Chúraim tugtar tacaíocht do dhuine ionas go mbeidh rogha níos leithne aige i leith cinntí, lena n-áirítear pleananna le haghaidh a chúraim agus a chóireála féin amach anseo. Is dócha go mbeidh tionchar dearfach ar an iomlán ag an Réamhphleanáil Chúraim agus táthar ag súil nach mbeidh aon tionchar difreálach i dtaca le gnéaschlaonadh.

<sup>24</sup> [Northern Ireland Life and Times Survey 2012 \(ark.ac.uk\)](http://www.northernireland.gov.uk/life-and-times-survey-2012)

<sup>25</sup> <https://data.gov.uk/dataset/e6033627-3106-47a9-a3fb-4bcaa34c1bcb/measuring-sexual-identity-evaluation-report>

Tríd an Réamhphleanáil Chúraim éascaítear mianta, mothúcháin, creidimh agus luachanna a phlé, a thaifeadadh agus a chomhroinnt d'fhonn an phleanáil don todhchaí a fhoirmiú lena n-áirítear cúram, tacaíocht agus cóireáil. D'fhéadfaí go n-áireofaí leis sin ceistanna a bhaineann le gnéaschlaonadh an duine agus lena chaidrimh, má theastaíonn sé sin uaidh. Dá bhrí sin, leis an Réamhphleanáil Chúraim d'fhéadfaí go soláthrófaí an deis do dhaoine de ghnéaschlaonta éagsúla chun comhráite a bheith acu leo siúd a chuireann cúram, tacaíocht nó cóireáil ar fáil. D'fhéadfaí go n-áireofaí leis sin eolas a chomhroinnt maidir lena ghnéaschlaonadh. Tá an fhéidearthacht ann go gcuirfear tuiscint níos fearr chun cinn i measc daoine de ghnéaschlaonta éagsúla mar aon le cuidiú lena chinntiú go léireofar ceistanna atá siad tábhachtach don duine, sa chúram, tacaíocht nó cóireáil a thugtar dó ar an bhonn sin.

Féadfar go mbeifear ag súil go mbeidh tionchar dearfach ag an bheartas ar dhaoine a thugann le fios go bhfuil siad LADTA+ a bhféadfadh struchtúir teaghlaigh neamhthraidisiúnta a bheith acu, toisc go gcruthófar deiseanna chun roghanna a chur in iúl maidir lena gcúram, tacaíocht nó cóireáil. Is d'aon turas a bhaintear leas as an fhrása "iad siúd atá tábhachtach don duine" le bheith iomchuimsitheach agus chun struchtúir teaghlaigh neamhthraidisiúnta a léiriú.

### **Cur Chun Cinn na Cothromaíochta Deiseanna – Gnéaschlaonadh**

Ar mhaithe le cothromaíocht deiseanna a chur chun cinn, tabharfar urraim chuí lena ndeimhneofar íogaireacht agus meas do dhaoine de gach gnéaschlaonadh maidir leis an bheartas seo i leith na Réamhphleanála Chúraim a fheidhmiú. I measc na mbeart onnghníomhach cuimseofar cur chun cinn an bheartais do dhaoine a bhfuil gnéaschlaonta éagsúla acu trí theachtaireachtaí sothuigte a sheoladh mar chuid d'fheachtas seolta teachtaireachtaí agus de chur chun cinn an bheartais.

Déanfar Creatlach Ábaltachtaí don Réamhphleanáil Chúraim a forbairt chun tacú le hoiliúint agus oideachas. Leis sin, is é an cuspóir ná iad siúd atá ag tacú le daoine agus iad ag tabhairt faoin Réamhphleanáil Chúraim a chumasú le cleachtadh ar dhóigh atá dírithe ar an duine, lena ndearbhaítear ceart an duine chun roghanna agus cinntí a dhéanamh fiú nuair atá siad éagsúil ón duine atá ag soláthar cúraim agus tacaíochta.

## **Inscne**

### **Faisnéis Infhaighte - Inscne**

De réir sonraí ó Dhaonáireamh na bliana 2011 léirítear go bhfuil 49 faoin chéad de ghnáthchónaitheoirí uile Thuaisceart Éireann fireann, agus 51 faoin chéad den daonra atá baineann. Chomh maith leis sin, tá líon bheag daoine a thugann le fios nach bhfuil siad fireann ná baineann nó go bhfuil siad fireann agus baineann.

### **Measúnú ar Thionchar - Inscne**

Leis an Réamhphleanáil Chúraim cinntítear go bhfuil an deis ag daoine dul i mbun comhráite réalaíocha agus praiticiúla faoina bhfuil tábhachtach dóibh, agus chun a mhianta, a mhothúcháin, a chreidimh agus a luachanna a mheas agus a thaifeadadh, má roghnaíonn siad déanamh amhlaidh. Leis an Réamhphleanáil Chúraim tugtar tacaíocht do dhuine ionas go mbeidh rogha níos leithne aige i leith cinntí, lena n-áirítear pleananna le haghaidh a chúraim agus a chóireála féin amach anseo. Is dócha go mbeidh tionchar dearfach ar an iomlán ag an Réamhphleanáil Chúraim agus táthar ag súil nach mbeidh aon tionchar difreálach i dtaca le hinscne.

Táthar ag dúil go bhféadfadh go mbeidh tionchar dearfach ar dea-chaidrimh idir daoine a bhfuil féiniúlachtaí éagsúla inscne acu. Tríd an Réamhphleanáil Chúraim éascaítear mianta, mothúcháin, creidimh agus luachanna a phlé, a thaifeadadh agus a chomhroinnt d'fhonn an phleanáil don todhchaí a fhoirmiú lena n-áirítear cúram, tacaíocht agus cóireáil. D'fhéadfaí go n-áireofaí leis sin ceisteanna a bhaineann le féiniúlacht inscne an duine, má theastaíonn sé sin uaidh.

Leis an Réamhphleanáil Chúraim d'fhéadfaí go soláthrófaí an deis do dhaoine a bhfuil féiniúlachtaí éagsúla inscne acu chun comhráite a bheith acu leo siúd a chuireann cúram, tacaíocht nó cóireáil ar fáil. Tá an fhéidearthacht ann go gcuirfear tuiscint níos fearr chun cinn i measc daoine a bhfuil féiniúlachtaí éagsúla inscne acu.

### **Cur Chun Cinn na Cothromaíochta Deiseanna - Inscne**

Ar mhaithe le cothromaíocht deiseanna a chur chun cinn, tabharfar urraim chuí lena ndeimhneofar íogaireacht agus meas do dhaoine a bhfuil féiniúlachtaí éagsúla inscne acu maidir leis an bheartas seo i leith na Réamhphleanála Cúraim a fheidhmiú. I measc na mbeart onnghníomhach cuimseofar cur chun cinn an bheartais do dhaoine a bhfuil féiniúlachtaí éagsúla inscne acu trí theachtaireachtaí sothuigthe a sheoladh mar chuid d'fheachtas seolta teachtaireachtaí agus de chur chun cinn an bheartais.

Déanfar Creatlach Ábaltachtaí don Réamhphleanáil Chúraim a forbairt chun tacú le hoiliúint agus oideachas. Leis sin, is é an cuspóir ná iad siúd atá ag tacú le daoine agus iad ag tabhairt faoin Réamhphleanáil Chúraim a chumasú le cleachtadh ar dhóigh atá dírithe ar an duine, lena ndearbhaítear ceart an duine chun roghanna agus cinntí a dhéanamh fiú nuair atá siad éagsúil ón duine atá ag soláthar cúraim agus tacaíochta.

### **Míchumas**

#### **Faisnéis Infhaighte - Míchumas**

De réir sonraí ó Dhaonáireamh na bliana 2011 léirítear go bhfuil fadhb fhadtéarmach sláinte nó míchumas a chuireann teorainn le gníomhaíochtaí laethúla ag beagáinín níos mó ná duine as gach cúigear den daonra ghnáthchónaitheach (21 faoin chéad). Ar na fadhbanna fadtéarmacha is coitianta i measc an daonra ghnáthchónaitheach áirítear iad seo a leanas:

- mallachar gluaiseachta nó deaslámhachta (11 faoin chéad);
- pian nó míchompord fadtéarmach (10 faoin chéad);
- an ghearranáil nó deacrachtaí análaithe (8.7 faoin chéad);

- tinneas ainsealach (6.5 faoin chéad); agus
- fadhb a bhaineann le mothúcháin, síceolaíocht nó meabhairshláinte (5.8 faoin chéad).

Mar chuid de luath-theagmháil le páirtithe leasmhara bhí comhairliúchán ann le hArd-Choimisinéir um Chomhionannas agus le baill foirne ó Choimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann. Tugadh faoi deara tábhacht Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CNACDM) agus rinneadh tagairt shonrach d’Alt 12 (Comhaitheantas faoin dlí) agus d’Alt 25 (Sláinte), chomh maith le Trácht Ghinearálta Uimh. 1 ó Choiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas lena mionléirítear na ceanglais in Alt 12<sup>26</sup>.

Aithnítear nach grúpa aonchineálach iad na daoine a bhfuil míchumas acu. Tugadh faoi deara pointí áirithe i dtaca le riachtanais dhifriúla na ndaoine a bhfuil míchumais éagsúla acu le linn teagmhála le páirtithe leasmhara.

Sampla amháin de sin ná an dóigh a bhfuil tacaíocht éagsúil chumarsáide de dhíobháil orthu siúd i measc phobal na mbodhar.

*“Is minic gurb é an chéad bharúil gur úsáideoir teanga chomharthaíochta a bheidh sa duine agus go mbeidh ateangaire de dhíth, ach ní mar sin atá an scéal le formhór phobal na mbodhar atá ábalta beola a léamh. Tá sé tábhachtach an dá rogha chumarsáide a aithint.”*

*“Is é an rud is tábhachtaí go mbeidh faisnéis i bhformáid TCB agus TCÉ ... go gcuirfear ar fáil sa dá fhoráid ar láithreán gréasán ... tá tábhacht ag baint le tacaíocht abhcóideachta chomh maith ... úsáid cásanna eile ... lena mhíniú”*

Chomh maith leis sin, le linn na teagmhála le páirtithe leasmhara, tugadh éagsúlachtaí chun solais i dtaca le leibhéil feasachta i leith choincheap na Réamhphleanála Cúraim idir grúpaí éagsúla míchumais;

*“Bhí taithí i dtaobh cúram a phleanáil don todhchaí acu siúd a bhfuil míchumas foghlama acu agus acu siúd atá tábhachtach don duine.” “Do shaol an Mhíchumais Foghlama, ní rud as an nua í an phleanáil atá dírithe ar an duine ... sin a dhéanann muid achan lá.”*

Malairt scéil a bhí ag roinnt ball de phobal na mbodhar a dúirt an méid seo a leanas;

*“Is ionann an phleanáil le rún daingean do chách atá dírithe ar an duine agus coincheap úr do phobal na mbodhar.”*

## **Measúnú ar Thionchar - Míchumas**

<sup>26</sup> <https://documents-dds-ny.un.org/doc/UNDOC/GEN/G14/031/20/PDF/G1403120.pdf?OpenElement>

Leis an Réamhphleanáil Chúraim cinntítear go bhfuil an deis ag daoine dul i mbun comhráite réalaíocha agus praiticiúla faoina bhfuil tábhachtach dóibh, agus chun a mhianta, a mhothúcháin, a chreidimh agus a luachanna a mheas agus a thaifeadadh, má roghnaíonn siad déanamh amhlaidh. Leis an Réamhphleanáil Chúraim tugtar tacaíocht do dhuine ionas go mbeidh rogha níos leithne aige i leith cinntí, lena n-áirítear pleananna le haghaidh a chúraim agus a chóireála féin amach anseo. Is dócha go mbeidh tionchar dearfach ar an iomlán ag an Réamhphleanáil Chúraim agus táthar ag súil nach mbeidh aon tionchar difreálach i dtaca le daoine a bhfuil míchumas acu ag an Réamhphleanáil Chúraim.

Tríd an Réamhphleanáil Chúraim éascaítear mianta, mothúcháin, creidimh agus luachanna a phlé, a thaifeadadh agus a chomhroinnt d'fhonn an phleanáil don todhchaí a fhoirmiú lena n-áirítear cúram, tacaíocht agus cóireáil. D'fhéadfaí go n-áireofaí leis sin ceistanna a bhaineann le míchumas an duine, má theastaíonn sé sin uaidh. Dá bhrí sin, leis an Réamhphleanáil Chúraim d'fhéadfaí go soláthrófaí an deis do dhaoine a bhfuil míchumas acu chun comhráite a bheith acu leo siúd a chuireann cúram, tacaíocht nó cóireáil ar fáil.

Tá an fhéidearthacht ann go gcuirfear tuiscint níos fearr chun cinn maidir le riachtanais na ndaoine a bhfuil míchumas acu mar aon le cuidiú gur lia na deiseanna a bheidh acu i dtaobh roghanna agus smachta sa chúram, tacaíocht nó cóireáil a thugtar dóibh. Féadfar go mbeifear ag súil go gcinnteofar go dtabharfar meas do chreidimh agus do luachanna an duine á bhuí don bheartas agus go ndéanfar é sin a léiriú dá réir sa chúram, tacaíocht nó cóireáil a thugtar dóibh.

Anuas air sin, féadfar go mbeifear ag súil go mbeidh tionchar dearfach ag an bheartas ar dhaoine a bhfuil míchumas acu a bhfuil ionchas saoil níos ísle acu, toisc go gcruthófar deiseanna chun roghanna a chur in iúl maidir lena gcúram, tacaíocht nó cóireáil.

### **Cur Chun Cinn na Cothromaíochta Deiseanna - Míchumas**

Ar mhaithe le cothromaíocht deiseanna a chur chun cinn, tabharfar urraim chuí lena ndeimhneofar íogaireacht agus meas do shainriachtanais na ndaoine a bhfuil míchumas acu maidir leis an bheartas seo i leith na Réamhphleanála Chúraim a fheidhmiú (m.sh. riachtanais chumarsáide, oiriúnuithe réasúnta). Sa chás go dtagann sainriachtanais daoine a bhfuil míchumas acu aníos, déanfar iad a fhiosrú d'fhonn maolú iomchuí a aithint, mar a bhí le linn na teagmhála le páirtithe leasmhara.

I measc na mbeart onghníomhach cuimseofar cur chun cinn an bheartais do dhaoine a bhfuil míchumas acu trí theachtaireachtaí sothuigte a sheoladh mar chuid d'fheachtas seolta teachtaireachtaí agus de chur chun cinn an bheartais.

Beidh obair leanúnach ar siúl le daoine a bhfuil míchumas acu lena chinntiú go léireofar an beartas i bhformáidí infhaighte agus go gcomhlíonaítear le hionacht na riachtanas agus é á chur i bhfeidhm.

Déanfar Creatlach Ábaltachtaí don Réamhphleanáil Chúraim a forbairt chun tacú le hoiliúint agus oideachas. Leis sin, is é an cuspóir ná iad siúd atá ag tacú le daoine agus iad ag



tabhairt faoin Réamhphleanáil Chúraim a chumasú le cleachtadh ar dhóigh atá dírithe ar an duine, lena ndearbhaítear ceart an duine chun roghanna agus cinntí a dhéanamh fiú nuair atá siad éagsúil ón duine atá ag soláthar cúraim agus tacaíochta.

## **Cleithiúnaithe**

### **Faisnéis Infhaighte - Cleithiúnaithe**

In 2011, bhí cleithiúnaithe páistí ag tríú cuid (34 faoin chéad) de theaghlaigh i dTuaisceart Éireann, anuas ó 36 faoin chéad in 2001. Bhí ar a laghad duine amháin a raibh fadhb fhadtéarmach sláinte nó míchumas aige ina chónaí in dhá chúigiú (40 faoin chéad) de theaghlaigh; lenar áiríodh teaghlaigh a raibh cleithiúnaithe páistí acu (9.2 faoin chéad) agus iad nach raibh cleithiúnaithe páistí acu (31 faoin chéad).

I mí Mhárta na bliana 2011, i gcás 5.8 faoin chéad de theaghlaigh bhí cleithiúnaithe páistí ann ach ní raibh aosaigh i mbun fostaíochta ann.

De réir dhaonáireamh na bliana 2011, bhí 214,000 duine i dTuaisceart Éireann ag soláthar cineál éigin cúraim neamhíochta, arbh ionann é sin agus duine amháin as gach ochtar cónaitheoirí i dTuaisceart Éireann (12 faoin chéad). Cuirtear é sin i gcodarsnacht le 185,066 in 2001, méadú 16 faoin chéad.

Léirítear sna figiúirí: bhí breis is leathchuid de chúramóirí neamhíochta (122,000 duine, 57 faoin chéad) ag soláthar cúraim ar feadh 1–19 n-uaire an chloig, agus bhí 35,000 duine (17 faoin chéad) i mbun oibre ar feadh 20–49 n-uaire an chloig. Bhí freagrachtaí cúraim ar feadh 50 uair an chloig sa tseachtain nó níos mó ag beagáinín níos mó ná ceathrú coda (56,000 duine, 26 faoin chéad).

Trí leas a bhaint as meastacháin láir bliana 2017, inar léirítear gur tháinig méadú trí faoin chéad ar an daonra ó 2011, is dócha go bhfuil tuairim is 220,000 duine i dTuaisceart Éireann a bhfuil ról cúramóra de chineál éigin acu<sup>27</sup>.

I dtuairisc a d'foilsigh Carers UK ar na mallaibh i mí Dheireadh Fómhair 2020<sup>28</sup> luaitear go raibh 212,000 cúramóir neamhíochta i dTuaisceart Éireann agus meastar go bhfuil 98,000 duine tar éis dul i mbun cúraim den chéad uair i dTuaisceart Éireann mar thoradh ar an phaindéim a bhaineann le COVID-19. Bunaithe ar réamh-mheastacháin daonra, tá sé ráite ag Carers UK go bhféadfar go bhfuil suas le 310,000 cúramóir neamhíochta i dTuaisceart Éireann<sup>29</sup>.

Le linn na teagmhála le páirtithe leasmhara, ardaíodh ionchuimsiú an tsoláthair do chleithiúnaithe mar chuid den Réamhphleanáil Chúraim. Ceist faoi leith é sin do

---

<sup>27</sup> [Carers in Northern Ireland: Some key statistics - Research Matters \(assemblyresearchmatters.org\)](https://assemblyresearchmatters.org/)

<sup>28</sup> Caring behind closed doors: six months on The continued impact of the coronavirus (COVID-19) pandemic on unpaid carers, Carers UK Deireadh Fómhair 2020 [Caring behind closed doors\\_Oct20.pdf \(carersuk.org\)](https://carersuk.org/caring-behind-closed-doors-Oct20.pdf)

<sup>29</sup> Carers Week (2020) Carers Week Research Report [CW\\_2020\\_Research\\_Report\\_WEB.pdf \(carersuk.org\)](https://carersuk.org/cw-2020-research-report-web.pdf)

thuismitheoirí aosach leochaileach a luann gurb é cúram a bpáistí an phríomhchúis acu go ndeachaigh siad i ngleic leis an Réamhphleanáil Chúraim.

*“Tá dhá phíosa éagsúla oibre ann ... ár gcomhrá féin faoin Bheartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim do gach duine againn ... agus ansin, cad é faoin aosach eile seo a bhfuil freagracht agus grá agam dó, agus a santaím na rudaí cearta dó?”*

Tugadh aitheantas don cheist sin agus sa dréachtbheartas leasaithe tugtar achoimre ar shamhail gnéithe le haghaidh na Réamhphleanála Chúraim lena gcuimsítear gné laistigh den ghné ‘Phearsanta’ chun cleithiúnaithe a mheas mar chuid den Réamhphleanáil Chúraim.

### **Measúnú ar Thionchar - Cleithiúnaithe**

Leis an Réamhphleanáil Chúraim cinntítear go bhfuil an deis ag daoine dul i mbun comhráite réalaíocha agus praiticiúla faoina bhfuil tábhachtach dóibh, agus chun a mhianta, a mhothúcháin, a chreidimh agus a luachanna a mheas agus a thaifeadadh, má roghnaíonn siad déanamh amhlaidh. Leis an Réamhphleanáil Chúraim tugtar tacaíocht do dhuine ionas go mbeidh rogha níos leithne aige i leith cinntí, lena n-áirítear pleananna le haghaidh a chúraim agus a chóireála féin amach anseo. Is dócha go mbeidh tionchar dearfach ar an iomlán ag an Réamhphleanáil Chúraim.

Féadfar go mbeidh tionchar dearfach ag an bheartas orthu siúd a bhfuil cleithiúnaithe acu, toisc go n-éascófar go gcuimseofar mianta, mothúcháin, creidimh agus luachanna an duine i dtaca lena chleithiúnaithe mar chuid de chomhráite faoin Réamhphleanáil Chúraim. Táthar ag dúil nach mbeidh sé sin ina mhíbhuntáiste dóibh siúd nach bhfuil páistí acu.

### **Cur Chun Cinn na Cothromaíochta Deiseanna - Cleithiúnaithe**

Ar mhaithe le cothromaíocht deiseanna a chur chun cinn, tabharfar urraim chuí lena ndeimhneofar íogaireacht agus meas do shainriachtanais na ndaoine a bhfuil freagrachtaí cúraim acu maidir leis an bheartas seo i leith na Réamhphleanála Chúraim a fheidhmiú (m.sh. oiriúnuithe réasúnta). I measc na mbeart onghníomhach cuimseofar cur chun cinn an bheartais do dhaoine a bhfuil freagrachtaí cúraim acu trí theachtaireachtaí sothuigte a sheoladh mar chuid d’fheachtas seolta teachtaireachtaí agus de chur chun cinn an bheartais. Freastalófar orthu siúd a bhfuil freagrachtaí cúraim acu trí bhearta oiliúna agus oideachais do bhaill foirne a tugadh isteach mar thoradh ar chur i bhfeidhm an bheartais.

### **Féiniúlachtaí Iomadúla**

#### **Faisnéis Infhaighte – Féiniúlachtaí Iomadúla**

Tá sé doiligh a dhearbhuí tionchar iomlán na n-impleachtaí do dhaoine a bhfuil féiniúlachtaí iomadúla acu go dtí pleanáil feidhmithe an bheartais le mionghníomhartha.

#### **Measúnú ar Thionchar – Féiniúlachtaí Iomadúla**

Leis an Réamhphleanáil Chúraim cinntítear go bhfuil an deis ag daoine dul i mbun comhráite réalaíocha agus praiticiúla faoina bhfuil tábhachtach dóibh, agus chun a mhianta, a mhothúcháin, a chreidimh agus a luachanna a mheas agus a thaifeadadh, má roghnaíonn

siad déanamh amhlaidh. Leis an Réamhphleanáil Chúraim tugtar tacaíocht do dhuine ionas go mbeidh rogha níos leithne aige i leith cinntí, lena n-áirítear pleananna le haghaidh a chúraim agus a chóireála féin amach anseo. Is dócha go mbeidh tionchar dearfach ar an iomlán ag an Réamhphleanáil Chúraim agus táthar ag súil nach mbeidh aon tionchar difreálach i dtaca le féiniúlachtaí iomadúla. I bhfianaise chineál an mhodha atá dírithe ar an duine ar mhaithe leis an Réamhphleanáil Chúraim a thacófar tríd an bheartas, táthar ag súil go mbeidh tionchair dhearfacha shuntasacha do dhaoine sa chatagóir sin.

### **Cur Chun Cinn na Cothromaíochta Deiseanna – Féiniúlachtaí Iomadúla**

Ar mhaithe le cothromaíocht deiseanna a chur chun cinn, tabharfar urraim chuí lena ndeimhneofar íogaireacht agus meas do dhaoine a bhfuil féiniúlachtaí iomadúla acu maidir leis an bheartas seo i leith na Réamhphleanála Cúraim a fheidhmiú. Má thagann fianaise chun solais maidir le tionchair fhéideartha ar bith, déanfar iad a fhiosrú d'fhonn maolú iomchuí a aithint.

## Ceartha an Duine

| ALT (An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine / An tAcht maidir le Ceartha an Duine 1998)        | TIONCHAR DEARFACH                   | TIONCHAR DIÚLTACH = cearta an duine ar cuireadh isteach air nó ar cuireadh srian leis | TIONCHAR NEODRACH                   |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------|
| Alt 2 – An Cearta chun na Beatha                                                                    | <input checked="" type="checkbox"/> |                                                                                       |                                     |
| Alt 3 – An Cearta chun saoirse ó chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós atá mídháonna nó táireach | <input checked="" type="checkbox"/> |                                                                                       |                                     |
| Alt 4 – An Cearta chun saoirse ó sclábhaíocht, ó dhaoirse agus ó shaothar éignithe nó éigeantach    |                                     |                                                                                       | <input checked="" type="checkbox"/> |
| Alt 5 – Cearta chun na saoirse agus slándála pearsan                                                |                                     |                                                                                       | <input checked="" type="checkbox"/> |
| Alt 6 – An Cearta chun triail chóir phoiblí a fháil laistigh d'achar réasúnta ama                   |                                     |                                                                                       | <input checked="" type="checkbox"/> |
| Alt 7 – An Cearta chun saoirse ó dhlí cóiriúil cúlghabhálach agus cosc ar phionós gan dlí           |                                     |                                                                                       | <input checked="" type="checkbox"/> |
| Alt 8 – An Cearta chun measa do shaol príobháideach agus teaghlaigh, baile agus comhfhreagrais      | <input checked="" type="checkbox"/> |                                                                                       |                                     |
| Alt 9 – An Cearta chun saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin                                 | <input checked="" type="checkbox"/> |                                                                                       |                                     |
| Alt 10 – An Cearta chun saoirse tuairimí a nochtadh                                                 | <input checked="" type="checkbox"/> |                                                                                       |                                     |
| Alt 11 – An Cearta chun saoirse comhthionóil agus comhlachais                                       |                                     |                                                                                       | <input checked="" type="checkbox"/> |
| Alt 12 – An Cearta chun pósadh agus an cearta chun teaghlach a bhunú                                |                                     |                                                                                       | <input checked="" type="checkbox"/> |
| Alt 14 – Cosc ar idirdhealú maidir le teachtadh chearta an choinbhinsiúin                           | <input checked="" type="checkbox"/> |                                                                                       |                                     |
| 1d phrótacal Alt 1 – An Cearta chun teachta shíochánta iarmhais agus chun cosanta maoin             | <input checked="" type="checkbox"/> |                                                                                       |                                     |
| 1ú phrótacal Alt 2 – An Cearta chun oideachas a rochtain                                            |                                     |                                                                                       | <input checked="" type="checkbox"/> |
| ALT - CNACDM                                                                                        | TIONCHAR DEARFACH                   | TIONCHAR DIÚLTACH = cearta an duine ar cuireadh isteach air nó ar cuireadh srian leis | TIONCHAR NEODRACH                   |
| Alt 12 (Comhaitheantas faoin dlí)                                                                   | <input checked="" type="checkbox"/> |                                                                                       |                                     |

|                                                                                            |                                     |  |  |
|--------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------|--|--|
|                                                                                            |                                     |  |  |
| Alt 25 (Sláinte) de Choinbhinsiún na Náisiún<br>Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas | <input checked="" type="checkbox"/> |  |  |

## Dea-chaidrimh

Is mar seo a leanas atá sainmhíniú an Choimisiúin um Chomhionannas ar ‘dea-chaidrimh’;  
“Forás na gcaidreamh agus na struchtúr do Thuaisceart Éireann a n-aithnítear leo comhthéacs creidimh, polaitiúil agus cine na sochaí seo, agus trína bhfeictear le meas, cothromas agus muinín a chur chun cinn, agus chun gach cineál éagsúlachta a chuimsiú.”<sup>30</sup>

Féadfar go mbeidh tionchar dearfach indíreach ag beartas na Réamhphleanála Cúraim ar dhea-chaidrimh idir daoine a bhfuil creidimh éagsúla acu, idir daoine a bhfuil tuairimí polaitiúla difriúla acu nó idir daoine ó grúpaí éagsúla cine. Tríd an Réamhphleanáil Chúraim éascófar mianta, mothúcháin, creidimh agus luachanna a phlé, a thaifeadadh agus a chomhroinnt. Leis sin tabharfar deiseanna do dhaoine a bhfuil tuairimí éagsúla acu, a bhfuil creidimh éagsúla acu nó ó chúlraí cultúrtha dul i mbun comhrá. Tá an fhéidearthacht ann go gcuirfear tuiscint níos fearr chun cinn.

Tacaítear leis an bheartas seo trí Chreatlach Ábaltachtaí dóibh siúd a chuireann cúram, tacaíocht nó cóireáil ar fáil. Tríd an oiliúint, cuirfear ar chumas na ndaoine atá ag tacú le daoine agus iad ag tabhairt faoin Réamhphleanáil Chúraim dul i mbun cleachta ar dhóigh atá dírithe ar an duine, lena ndearbhaítear ceart an duine chun roghanna agus cinntí a dhéanamh fiú nuair atá siad éagsúil ón duine atá ag soláthar cúraim agus tacaíochta.

## Conclúid

Mar chuid den MTC baineadh leas as fianaise infhaighte d’fhonn measúnú a dhéanamh ar na 9 gcinn ar fad de ghrúpaí Comhionannais. Is léir go bhfuiltear ag dúil go mbeidh tionchar dearfach ar an iomlán ag beartas na Réamhphleanála Cúraim ar an uile aosach atá 18 mbliana d’aois nó níos sine.

Tugtar breac-chuntas ar shocruithe malartacha le haghaidh páistí agus daoine óga a bhfuil riachtanais chúraim mhaolaithigh orthu sa Straitéis “Providing High Quality Palliative Care for Our Children”<sup>31</sup>

<sup>30</sup> [www.equalityni.org/ECNI/media/ECNI/Publications/Employers%20and%20Service%20Providers/Public%20Authorities/Good\\_Relations\\_Public-Authorities-Summary\\_Guide.pdf](http://www.equalityni.org/ECNI/media/ECNI/Publications/Employers%20and%20Service%20Providers/Public%20Authorities/Good_Relations_Public-Authorities-Summary_Guide.pdf)

<sup>31</sup> An Roinn Sláinte, Providing High Quality Palliative Care for Our Children: A Strategy for Children’s Palliative and End of Life Care 2016 – 26

## **Monatóireacht agus Athbhreithniú ar Shocruithe**

### **Monatóireacht Mholta**

Déanfar creatlach úr torthaí a fhorbairt chun torthaí an bheartais a mheas.

Pléifear tionchair fhéideartha ar bith a bhaineann leis an bheartas, tionscadail nó forbairtí seirbhíse ar tugadh fúthu d'fhonn teacht le feidhmiú an bheartais, mar is iomchuí, ar leibhéal beartais aonair, tionscadail nó forbartha seirbhíse.

### **Comhdhearadh/Comhléiriú**

Tarraingeofar as an bhuíon sin de pháirtnéirí deonacha i dteannta le Comhairle na nOthar agus na gCliantaí d'fhonn tacú le gníomhaíochtaí comhléirithe/comhdheartha ag staideanna éagsúla de chlár oibre na Réamhphleanála Chúraim. Agus forbairt agus feidhmiú an bheartais ag dul ar aghaidh, tairgfear an deis do na páirtnéirí deonacha sin cuidiú a thabhairt sna réimsí seo a leanas:

- Cruthú a dhéanamh ar an dóigh a gcuirfear an Réamhphleanáil Chúraim i bhfeidhm, lena chinntiú go mbeidh an deis ag cách dul i mbun comhrá faoin Réamhphleanáil Chúraim.
- Cruthú a dhéanamh ar an oiliúint agus oideachas a thugtar do dhaoine aonair agus do ghrúpaí gairmiúla a chuireann cúram agus tacaíocht ar fáil.
- Cuidiú a thabhairt chun teachtaireachtaí don phobal a fhorbairt - lena chinntiú go bhfuil gach duine ar an eolas faoina bhfuil i gceist leis an Réamhphleanáil Chúraim agus go dtuigtear an fáth go bhfuil sé tábhachtach go ndéanann an uile aosach, ar staid ar bith sa tsaol, machnamh uirthi.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chlár oibre na Réamhphleanála Chúraim agus ar an difear atá déanta aige do dhaoine trí dhóigheanna a fhorbairt agus a aontú chun torthaí agus tionchar a mheas maidir leis an bheartas agus lena chur i bhfeidhm.

Ar dtús báire cuirfear an fócas ar theachtairachtaí poiblí a fhorbairt maidir leis an bheartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim chun tacú le seoladh an chomhairliúcháin phoiblí.

### **Creatlach Ábaltachtaí don Réamhphleanáil Chúraim**

Déanfar Creatlach Ábaltachtaí don Réamhphleanáil Chúraim a forbairt i gcomhpháirtíocht le hoideachasóirí chun tacú le hoiliúint agus oideachas dóibh siúd a chuireann cúram, tacaíocht agus cóireáil ar fáil. Beidh an Chreatlach Ábaltachtaí mar bhonn faoin chlár oiliúna agus oideachais le forbairt chun tacú leis an bheartas maidir leis an Réamhphleanáil Chúraim a fheidhmiú.